



 *gníomhaireacht um chomhrac na bochtaine*
Combat Poverty
Agency *obair ar son Éire gan bochtanas*

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2004

Tuarascáil Bhliantúil 2004

An Ghníomhaireacht do
Chomhrac na Bochtaineachta
Ionad Bridgewater
Bóthar Conyngham
Droichead na hInse
Báile Átha Cliath 8

www.combatpoverty.ie

info@cpa.ie

Fón. 01 670 6746

Facs 01 670 6760

COMHALTAÍ BHORD CHOMHRAC NA BOCHTAINÉACHTA MAR ATÁ AN 31 BEALTAINÉ 2005

Brian Duncan (Cathaoirleach), Pearse O'Hanrahan (Leas - Chathaoirleach), Callista Bennis, Maria Corrigan, Frank Curran, Anthony Gavin, Maria Gorman, Helen Johnston, Tony Lane, Seamus McAleavey, Tony O'Callaghan, Joan O'Flynn, Orlaigh Quinn, Alice Robertson, Margaret Sweeney, Olive Sweetman.

AIDHM

Is gníomhaireacht chomhairleach stáit í An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta a fhorbraíonn agus a chothaíonn tograí agus bearta atá bunaithe ar fhianaise chun dul i ngleic le bochtaineacht in Éirinn.

Is iad na cuspóirí straitéiseacha atá againn don tréimhse 2005-2007 ná chun na nithe atá liostaithe thíos a chothú.:

- > Dáileadh cothrom ioncaim agus post;
- > Rochtain ar sheirbhísí ar ard-chaighdeán;
- > Freagraí áitiúla agus réigiúnacha ar bhochtaineacht.

Baintear amach na cuspóirí trí na ceithre fheidhm ghinearálta sonraithe san Acht um Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta 1986: comhairle bheartais, tacaíocht a thabhairt do thionscadal agus tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht, do thaighde agus d'oidéachas poiblí.

TUILLEADH FAISNÉISE

Tá forléargas ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta le fáil ar an láithreán gréasáin www.combatpoverty.ie

Tá cóip de Phlean Straitéiseach na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta 2005 – 2007 chomh maith le catalóg foilseachán ar fáil saor in aisce agus tá sí ar fáil ar ár láithreán gréasáin freisin.

An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
Ionad Bridgewater
Bóthar Conyngham
Droichead na hInse
Báile Átha Cliath 8

Fón. 353-1-670 6746
Facs 353-1-670 6760
Ríomhphost: info@cpa.ie
www.combatpoverty.ie

Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar fáil, má lorgáítear í, i réimse formáidí lena n-áirítear cloistéip, braille, agus diosca don ríomhaire.

Tá an tuarascáil bhliantúil ar fáil i nGaeilge chomh maith.

CLÁR

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH	06	
CUID 1	Forléargas Bliantúil	09
CUID 2	Obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta	21
AGUISÍN 1	An Bord, na Fochoistí agus an Fhoireann	55
AGUISÍN 2	Tionscadail arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta	63
AGUISÍN 3	Clár Tacaíochta Speisialta an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas: Deontais Cheadaithe 2004	67
AGUISÍN 4	Roinnt foilseachán nua	73
RÁITIS AIRGEADAIS		77
	Ráiteas um fhreagrachtaí na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta	78
	Ráiteas an Chathaoirligh um Rialú Inmheánach Airgeadais	79
	Ráiteas um Beartas Cuntasaíochta	81
	Ioncam agus Caiteachas	82
	Clár Comhardaithe	83
	Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	84

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH



Brian Duncan
Chairman, Combat Poverty

Tá sé de phléisiúr agam an 18ú Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta a chuir faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach, An tUas. Seamus Brennan TD

Sa tuarascáil leagamar amach ár n-éachtaí don bhliain 2004. Is í 2004 an tríú bliain dár bplean straitéiseach - *Ag dul i ngleic le Bochtaineacht in Éirinn - tír atá ag Síorathrú.*

I rith na bliana rinneamar dul chun chinn suntasach maidir le huilechuimsitheacht shóisialta a chothú laistigh de na húdaráis áitiúla, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, an Oifig um Uilechuimsitheacht Shóisialta agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Thairgearmar roinnt foilseachán tábhachtach faoi thithíocht, faoi bhochtaineacht bhia, faoi acmhainní tí agus sláinte agus faoi láthair táimid gníomhach ó thaobh na moltaí sin a chur chun cinn. Thionólamar seimineár ar fhreastal slua maith air, faoi bhochtaineacht agus faoi choimhlint, rud a bhaineann go dlúth lenár ról maidir le cur i bhfeidhm an Chláir um Shíocháin.

I rith na bliana 2004, sheolamar ár seachtú plean straitéiseach *Ag Obair ar son Éire Saor Ó Bhochtaineacht*, a chuimsíonn an tréimhse 2005 go 2007. Tograíonn an plean sraith tionscnamh bunaithe ar trí phríomhchuspóir lárnach chun tabhairt faoi bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta:

- > Dáileadh loncaim agus post
- > Rochtain ar sheirbhísí ar ardchaighdeán agus
- > Freagraí áitiúla agus réigiúnacha ar bhochtaineacht.

Fad is a bhí an plean á chur le chéile, chuamar i gcomhairle le réimse leathan den lucht leasa agus rinneamar measúnú oibiachtúil ar thionchar an phlean a bhí againn roimhe seo. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd ar fad a

ndeachamar i gcomhairle leo: bhíothas an-bhuíoch dóibh; bhí a gcion siúd thar a bheith cabhrach agus agus tá sin le sonrú sa phlean nua. Fáiltímid roimh an díospóireacht atá ag fás le déanaí faoi na leibhéil bhochainteachta agus táimid sásta leanúint de bheith ag spreagadh na díospóireachta sin chomh maith. Chothaigh an suirbhé is déanaí a d'fhoilsigh an Phríomh Oifig Staidrimh dar teideal, *Suirbhé an AE um Ioncam agus choinníollach Maireachtála* - iontas áirithe maidir leis an ráta árdaithe bochtaineachta a aithníodh sa suirbhé i gcomparáid leis an ráta a bhí ann roimhe sin.

Is fiú a thabhairt san áireamh go bhfuil na critéir a úsáidimid chun bochtainteacht a thomhas ag athrú. D'ardaigh an borradh suntasach eacnamaíochta le deich mbliana anuas an leibhéal ioncaim a úsáidimid chun leibhéil bhochtaineachta a ríomh. Sin mar is ceart é a bheith; ní cheart go nglacfar inniu leis an rud a bhí inghlactha fadó. Táimid anois ar cheann de na heacnamaíochtaí is forbartha san OECD agus ba cheart go bhfeicfear é seo sa chaighdeán maireachtála a chuirtear ar fáil do gach aon duine atá ag maireachtáil in Éirinn, agus ba cheart go n-aithneofar é ar caighdeán na mbeart a úsáidimid chun dul i ngleic le saincheisteanna bochtaineachta. Is iad na bearta seo atá ina mbunús dár bplean straitéiseach. Mura ndíreoimid orthu seo a bhaint amach, ní ardóidh an taoide eacnamaíochta gach uile bhád.

Laistigh den ghá leathan atá ann le dul i ngleic le bochtaineacht ar fud earnálacha áirithe, téama a thagann aníos go minic is ea an gá atá ann dul i ngleic le cúram leanaí. Ní chuirfidh na roghanna ar fad atá molta na sochair chéanna ar fáil ar fud an daonra go hiomlán. Molaimid go láidir go dtabharfar tús áite do na roghanna sin atá chun leas na ndaoine atá i mbéal na bochtaineacht agus go dtabharfar tús áite dóibh siúd atá ar an ngannchuid.

Aithnímid nach dtaitheoidh na beartais seo leis an móramh agus is é seo an dúshlán atá roimh ár reachtóirí. Tá anailís déanta ar na dúshláin le tamall anois agus anois an t-am le bualadh ar aghaidh uaidh sin. Anois an t-am chun dul i mbun ngnímh.

Leanamar orainn ag obair lenár gcomhpháirtithe Bainistíocht Fhorbairt Limistéir (Area Development Management) chun an Clár um Shíocháin II a chur i bhfeidhm sna contaetha ar an teorainn agus ar bhonn trasteorann. Go dtí seo leithdháileadh €100 milliún chun réimse leathan tionscadal eacnamaíoch, sóisialta, agus cultúrtha a mhaoiniú, agus é mar aidhm acu ar fad tacaíocht a

thabhairt do phróiseas na síochána. Tá an-áthas orainn go raibh an AE sásta an clár reatha a choinneáil ag imeacht ar feadh dhá bhliain eile, go deireadh na bliana 2006.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe don obair a rinne comhaltaí an bhoird, don obair a rinne foireann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta agus don obair a rinne an fhoireann sa chomhpháirtíocht le ADM - tá a ndíograis, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas deismir.

I rith na bliana 2004 tháinig deireadh le téarma oifige Bernard Feeney agus Marie O'Neill. Is mian liom aitheantas a thabhairt dóibh agus mo bhuíochas a ghabháil leo as a gcion luachmhar. I rith na bliana d'fháiltíomar roimh Orlaigh Quinn agus Callista Bennis ar an mBord. Athcheapadh Seamus McAleavey agus Helen Johnston, agus athcheapadh mé féin mar Chathaoirleach.

Tá ról lárnach againn maidir le comhairle a chur ar an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh maidir le saincheisteanna a bhaineann le bochtaineacht. Tá an-áthas orm go raibh dea-ghaol eadrainn agus an dá Aire ábharthach le linn na bliana 2004; i dtús báire le Mary Coughlan TD, agus ansin leis an Aire reatha Séamus Brenann TD.

Tá sé fíorthábhachtach dár n-obair go gcothaímid dea-ghaol leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha Pobail agus Teaghlaigh agus leis an Oifig um Uilechuimsitheacht Shóisialta agus tá áthas orm gurb amhlaidh atá cúrsaí. Mar sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil le John Hynes Ard-Rúnaí na Roinne, a chuid oifigigh agus go háirithe oifigeach san Oifig d'Uilechuimsitheacht Shóisialta as a gcuid tacaíochta agus cabhrach. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre leo chun ár bPlean Straitéiseach a chur i bhfeidhm.



Brian Duncan
Meitheamh 2005



Cuid a
Haon

Forléargas Bliantúil

Ag Cur Deireadh Le Bochtaineacht Linbh - Freagracht Roinnte

Éire ina bhfuil meas ar leanaí mar shaoránaigh óga a bhfuil ionchur le déanamh acu, a bhfuil meas air agus a nguth féin acu, Éire ina bhfuil cion ar gach aon leanbh agus ina dtugann teaghlaigh agus an tsochaí go forleathan tacaíocht dó nó di, ina mbaineann sé nó sí leas as óige atá sásúil agus ina n-éiríonn leis nó léi barr feabhais a bhaint amach.

Níor cheart go nglacfaidh sochaí nua-aimseartha san aonú aois is fiche ar nós shochoaí na hÉireann, le bochtaineacht linbh. Má fhásann leanbh aníos faoi bhochtaineacht eascróidh na hiarmhairtí seo a leanas as sin, sláinte níos laige, forbairt fhisiceach agus forbairt meabhrach níos moille, leibhéil níos ísle éachtaí oideachasúla bainte amach agus ag eascairt as sin beidh leibhéil ghairme laghdaithe i gceist, deiseanna saoil laghdaithe agus ionchas saoil laghdaithe ag an leanbh sin. In sa Ráiteas Forbhreathnaithe déanaimid measúnú ar staid bochtaineachta leanaí in Éirinn, agus tograímid céard is gá a dhéanamh mar shochoaí chun deireadh a chur le bochtaineacht linbh.

Leibhéil Bhochtaineacht Leanáí in Éirinn

Tá dhá thomhas ann do bhochainteacht leanáí in Éirinn. Is é tomhas Rialtas na

Éireann ar bhochtaineacht seasta ná, nuair atá duine faoi bhun na líne bochtaineacht agus a mbíonn taithí acu ar easpa i gceann amháin nó níos mó de na hearraí ar innéacs bunúsach míbhuntáiste, ar nós easpa éadach, easpa bia, easpa teasa nó gan a bheith in acmhainn acu na gnáthchostais laethúla a íoc gan dul i bhfiacha.ⁱ Léiríonn na sonraí is déanaí ón CSO don bhliain 2003 go bhfuil dhá oiread an seans ann go mbeidh leanaí seachas daoine fásta bocht.ⁱⁱ Tá 148,000 leanbh i dteaghlaigh atá bocht go seasta. Is ionann é seo agus 14.6% de líon iomlán na leanáí (CSO 2005).ⁱⁱⁱ Tá sciar maith de na leanaí seo i dteaghlaigh le tuismitheoir amháin ann, i dteaghlaigh ina bhfuil an ‘an té atá i bhfeighil an tí ‘breoite nó faoi mhíchumas nó i dteaghlaigh atá níos mó ná na gnáth-theaghlaigh.

Tomhas eile de bhochtaineacht leanáí is ea bochtaineacht choibhneasach ioncaim, a thomhasann an sciar leanáí i dteaghlaigh atá faoi bhun na líne bochtaineachta (€185.28 in aghaidh na seachtaine) ach nach dtógann san áireamh an innéacs diúbarta. Úsáidtear an tomhas seo ar fud na hEorpa. Ag baint úsáide as an tomhas seo tá 23.9 faoin gcéad de leanáí na hÉireann (242,000 leanbh) ag maireachtáil i dtithe ina bhfuil bochtaineacht choibhneasach iontu.^{iv}

Mar sin, cé go raibh fás eacnamaíochta in Éirinn go leibhéil dhochreidte, fós féin tá beagnach an cheathrú cuid dár leanáí ag maireachtáil in áitrimh ina bhfuil bochtaineacht choibhneasach

iontu gan fiú na bunriachtanais atá ag teastáil chun maireachtáil sa saol nua-aimseartha. Nuair a smaoinimid air, seans nach ábhar iontais dáiríre é. D'eascair brabús níos airde agus leibhéil fostaíochta mhéadaithe as an dul chun cinn eacnamaíochta. Ach, cé go raibh an leibhéal ioncaim agus caighdeán mhaireachtála ag ardú, ní raibh sé de chumas ag roinnt daoine an leas céanna a bhaint as agus dá bhrí sin titeann siad faoin bhun an chaighdeán mhaireachtála shásúil a bheadh móramh na ndaoine ag súil leis sa tsochaí inniu. Cuireann na costais mhéadaithe mhaireachtála agus na costais a bhaineann le rannpháirtíocht sa tsochaí leis seo. Tá sé seo le feiceáil sna ráitis seo ó na leanaí iad féin i staidéar a rinne Comhrac na bochtaineachta^v.

Motháim cineál ciontach nuair a fhágann Maim agus Daid iad féin gann agus nuair a fhaighimid gach uile rud

Ceapaim go bhfaighim níos lú. Cothaíonn sé éad ionam ba mhaith liom níos mó a fháil ná an méid a fhaighim

I gcás daoine áirithe braitheann a gcairdeas ar an saghas éadaigh a chaitheann tú. Ní maith le daoine, cairde a bheith acu nach bhfuil éadaí le hainm branda orthu

Is é an mhaistíneacht an rud is measa chomh maith le bheith sceonaithe faoi léasadh a fháil.

Nuair a chuirimid sinn féin i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa, tá an ráta bochtaineachta leanaí in Éirinn ar na rátaí bochtaineachta is airde. Faightear na rátaí bochtaineachta is ísle leanaí sna tíortha Nordacha, ina bhfuil an ráta bochtaineachta leanaí níos lú ná 10 faoin gcéad ann (60% ioncam meánach). I gcomparáid le córais tacaíochta leanaí i dtíortha éile, tá córas réasúnta ann do thacaíocht ioncaim linbh, ach tá ár soláthar seirbhíse bocht go leor.

Tiomantais chun dul i ngleic le Bochtaineacht linbh.

Tá Éire tiomanta do Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. San áireamh anseo tá, cearta marthanais, cearta forbartha, cearta cosanta agus cearta rannpháirtíochta. Faoin tiomantas seo tá sé de dhualgas ar Éirinn dul i ngleic le bochtaineacht linbh. Tá na rudaí seo a leanas ag Éirinn, Straitéis Náisiúnta Leanaí, Oifig Náisiúnta Leanaí, agus Fear an Phobail um Leanaí. Tá tiomantas sna tionscnaimh seo chun na tacaí airgeadais atá riachtanach chun deireadh a chur le bochtaineacht linbh a chur ar fáil do leanaí. Tá an Straitéis Frithbhochtaine Náisiúnta na hÉireann agus an Plean Náisiúnta Gnímh i gcoinne Bochtaine agus Eisiamh Sóisialta tiomanta do bhochtaineacht seasta leanaí a laghdú (14.9% faoi láthair) go níos lú ná 2% faoin mbliain 2007 nó deireadh a chur léi go hiomlán agus druideadh i dtreo tuilleadh

CUSPÓIRÍ

DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

(a) Liúntas Leasa Linbh agus Liúntas Linbh Chleithiúnaigh

(b) An chéim dheireanach de na méaduithe ilbhliantúla beartaithe sna rátaí Leasa Linbh le bheith curtha i gcrích sna blianta 2004 agus 2005.

(a) Críochnaithe.

(b) Ag dul ar aghaidh, ach seans maith nach mbainfear amach é roimh dheireadh na bliana 2005.

An bhearna idir na rátaí ísle meáchain beirthe do pháistí ó na grúpaí socheacnamaíocha is ísle agus is airde a laghdú 10% faoin mbliain 2007 ón leibhéal a bhí ann sa bhliain 2001.

Toisc nach bhfuil sonraí bunlíne ann tá sé deacair dul chun cinn an chuspóra seo a thomhas.

Leath a dhéanamh den líon daltaí le fadhbanna dáiríre litreachta faoin mbliain 2006.

Ní fios, sonraí bunlíne á mbailiú.

An líon daoine a fhágann an córas scoile go luath a laghdú, ionas gurbh ionann an líon daoine a shroicheann an dara leibhéal uachtarach nó a chomhionann agus 85% faoin mbliain 2003 agus gurbh ionann é agus 90% faoin mbliain 2006.

Tá seans láidir ann nach mbainfear an cuspóir seo amach cé go bhfuil cláir á gcur i bhfeidhm chun tacú leis an gcuspóir seo.

An socrúchán cuí sa bhunscoil a bhaint amach maidir leis an Lucht Siúil faoin mbliain 2003.

Tá móramh leanaí den Lucht Siúil in áiteanna cuí dá n-aois sa bhunscoil.

Ráta aistrithe an Luchta Siúil chuig scoileanna iar-bhunscoile a ardú go 95% faoin mbliain 2004.

Ba é ráta aistrithe an Luchta Siúil chuig an leibhéal iarbhunscoile a bhí ann sa bhliain 2004 ná 85%.

comhionannais do gach leanbh i dtéarmaí rochtana ar oideachas cuí, sláinte agus tithíocht araon.

Tá cuspóirí faoi leith maidir leis seo agus an dul chun cinn bainte amach ina leith sonraithe sa tábla seo a leanas^{vi}

Is gné thábhachtach den Phlean Náisiúnta Gnímh i gcoinne Bochtaine agus Eisiamh Sóisialta, ullmhaithe don AE é an sprioc seo “ na comhlachtaí cuí a mhúscailt” Cothaíonn an ceanglas seo den AE, rannpháirtíocht daoine atá faoi bhochtaineacht agus eisiamh, i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú na mbeartas agus na mbeart um uilechuimsitheacht shóisialta, chomh maith leis na hÚdaráis phoiblí a spreagadh ag leibhéil náisiúnta, réigúinach agus áitiúil chun uilechuimsitheacht shóisialta a thabhairt san áireamh ina gcuid beartas agus maidir lena soláthar seirbhíse, chomh maith le plé agus comhpháirtíocht idir na comhlachtaí poiblí agus na comhlachtaí príobháideacha. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le guth a bheith ag leanaí mar shaoránaigh ghníomhacha, chomh maith le guth a bheith acu sna beartais a théann i bhfeidhm orthu.

Tá deich dtionscnamh speisialta san gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta reatha ‘*Dul Chun Cinn A Choinneáil*’, agus deireadh a chur le Bochtaineacht linbh is ea ceann acu sin. Tá an tionscnamh um Dheireadh

a chur le Bochtaineacht Leanáí á thaobhú go láidir le Tionscnaimh Speisialta a bhaineann le Cúram, Míbhuntáiste Oideachasúil, Dífhostaíocht Fhadtréimhseach agus Grúpaí Goilliúnacha chun an fócas ar dhul i ngleic le bochtaineacht linbh a chinntiú. Tionólfar cainteanna san Fhómhar faoi chomhaontú nua náisiúnta, agus beidh sé tábhachtach anseo go mbeidh an sprioc ann, deireadh a chur le bochtaineacht linbh go soiléir ar an gclár oibre.

Comparáidí Eorpacha

I dtéarmaí dul i ngleic le bochtaineacht linbh agus oibriú i dtreo deireadh a chur léi, is fiú féachaint ar thíortha ar éirigh leo laghdú suntasach ar bhochtaineacht leanaí a bhaint amach. Is sa Danmhairg mar shampla, atá na leibhéil is ísle bochtaineachta agus bochtaineacht linbh inti san AE. Meastar go bhfuil cúpla cúis faoi deara é sin – dáileadh ioncaim nach bhfuil chomh éagothrom le go leor tíortha eile san AE, ardleibhéal rannpháirtíochta ban san fhórsa oibre agus cúram leanaí ar fáil ar chostas inacmhainne. Cé gur múnla é seo a bhféadfadh Éire a bheith ag súil léi a bhaint amach, bheadh athruithe bunúsacha le déanamh ar an múnla forbartha eacnamaíochta agus sóisialta chun aithris a dhéanamh ar an Danmhairg.

Is sampla eile é an Bhreatain atá níos giorra dúinn. Cosúil le hÉirinn bhí rátaí arda bochtaineachta linbh sa Bhreatain

go traidisiúnta. Sa bhliain 1999 rinne Príomh-Aire na Breataine Tony Blair tosaíocht pholaitiúil chun bochtaineacht linbh a laghdú, agus leag sé an dualgas ar a rialtas leath a dhéanamh de bhochtaineacht leanaí sa chéad deich mbliana eile, agus deireadh a chur léi faoin mbliain 2020. Ón am sin tá laghdú ag teacht ar bhochtaineacht linbh inti.

Baineann na rudaí seo leanas le straitéis na Breataine:

- Obair dóibh siúd atá ar a gcumas í a dhéanamh agus tacaíocht dóibh siúd nach féidir;
- Tacaíocht a thabhairt do Thuismitheoirí;
- Seirbhísí d'ard-chaighdeán a sheachadadh le tacaíocht dírithe orthu siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus
- leas a bhaint as cumhacht na n-earnálacha deonacha, na n-earnálacha creidimh agus na n-earnálacha pobail.

Tá Creidiúntí Cánach Oibre agus Leanáí san áireamh i roinnt de na heilimintí de Straitéis na Breataine um Bhochtaineacht Linbh, a tugadh isteach sa bhliain 2003, agus sa tionscnamh Sure Start bunaithe sa bhliain 1998/9, a bhfuil fócas ar sholáthar seirbhíse aige. Tá sé mar aidhm ag *Sure Start* soláthar chúram leanaí a mhéadú, sláinte agus oideachas leanaí óga a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí. Tríd an gclár Sure Start, tá gach páiste a bhfuil trí nó ceithre bliana slánaithe

aige i dteideal saor-oideachas páirt aimseartha a fháil. Tá sé ar cheann de na príomhcheachtanna foghlamtha ná gur cheart seirbhís a sholáthar do gach aon duine, ach nach gá gurb í an tseirbhís chéanna a bheadh i gceist – ní mór an tseirbhís a bheith solúbtha ag an bpointe seachadta, agus curtha in oiriúint don duine aonair agus d'éagsúlacht phobail.

Gníomhartha chun Bochtaineacht Linbh a Laghdú.

Faoi mar atá imlínithe thuas, tá raon ceangaltas i ndoiciméid bheartais Ghaelacha chun oibriú i dtreo deireadh a chur le bochtaineacht linbh in Éirinn. In ainneoin sin, tá na leibhéil bochtaineachta linbh in Éirinn ró-ard le bheith inghlactha.

Sa ráiteas beartais *Ending Child Poverty* a d'fhoilsigh Comhrac na bochtaineachta le déanaí, tá roinnt moltaí ann i dtreo bochtaineacht linbh a laghdú. Tá na moltaí seo bunaithe ar anailís idirnáisiúnta a tháisceannann go gcaitheann Éire níos lú ar chúnamh a thabhairt do theaghlach le leanaí chun costais chúram leanaí, costais oideachais agus Costais Chúram Sláinte agus costais tithíochta a íoc, cé go soláthraíonn an tír pacáiste fláithiúil tacaíochta ioncaim do theaghlach le leanaí.

Tá siad seo leanas san áireamh sna moltaí:-

Eilimint de Phacáiste Tacaíochta Linbh

Moladh na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineacht

Sochar Linbh

- > Sochar Linbh a ardú sa chaoi is go mbainfear amach cuspóir an Rialtais de €149.90 in aghaidh na míosa don chéad agus don dara leanbh agus é a ardú go €185.40 in aghaidh na míosa don tríú leanbh agus d'aon leanbh eile agus é a bheith nascaithe le hinnéacs sna blianta as a chéile

Liúntas Linbh Chléithiúnaigh (CDAnna) agus Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)

- > CDAnna a mhéadú
- > An Forlónadh Ioncam Teaghlaigh (FIT) a atheagrú chun feabhas a chur ar an tóir atá air.
- > Athbhreithniú a dhéanamh ar an aistriú ó CDA go FIS agus / nó Forlónadh Sochair Linbh a mheas mar rogha

Cúram Leanaí

- > Fordheontas an Chláir um Chomhionannas Deise do Chúram Leanaí
- > Fordheontas a thabhairt go díreach do chúram leanaí ag baint úsáide as meicníocht cheimnithe aistarraingthe chun díriú ar ghrúpaí ar ioncam íseal nó ar ghrúpaí goilliúnacha.

Oideachas

- > Soláthar thionscnaimh luath-oideachais a mhéadú. Réamhscoil ar maidin a bheith ar fáil do gach leanbh bocht atá ceithre bliana slánaithe aige/aici forlionta ag cúram lae iomláin sa chás ina bhfuil sé oiriúnach.
- > Acmhainní ag an leibhéal Príomhúil.

Eilimint de Phacáiste Tacaíochta Linbh

Moladh na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta

Tithíocht

- > Cuntóirí linbh oilte a chur ar fáil do gach rang naíonán agus tosaíocht a bheith ann i scoileanna faoi mhíbhuntáiste
- > Sochar tithíochta a athstruchtúró chun méid an teaghlaigh a thabhairt san áireamh
- > An soláthar tithíochta sóisialta a fheabhsú
- > An tAcht um Thionóntacht Chónaithe (2004) a fhorfheidhmiú chun meallacht na hearnála cíosa príobháidí a mhéadú trí bhearta rialaithe chun cearta na dtionóntaí a fheabhsú.

Seirbhísí Teaghlaigh

- > Maoiniú breise a chur ar fáil do thionscadail sheirbhísí teaghlaigh le fócas ar ghrúpaí goilliúnacha

Caithfear na moltaí seo a chur i bhfeidhm ar bhonn práinneach, diongbháilte agus comhtháite agus caithfear tosaíocht náisiúnta a dhéanamh dóibh.

Freagracht Roinnte

Éilíonn deireadh a chur le bochtaineacht linbh straitéis náisiúnta. Ciallaíonn sé seo go dtacódh agus go gcuirfeadh gach earnáil den tsochaí in Éirinn le beartais agus le gníomhartha a chuirfeadh deireadh le bochtaineacht leanaí.

Ceannaireacht Pholaitiúil

Chun a bheith dáiríre faoi dheireadh a chur le bochtaineacht linbh tá gá le tosaíocht shoiléir pholaitiúil a bheith curtha trasna ag na príomhpholaitéoirí, a bheadh ar son tuar dearfach; sé sin le rá sochaí saor ó bhochtaineacht leanaí. Éileoidh sé seo go ndéanfar teampaírt ar an múnla reatha sa tsochaí, an múnla atá dírithe ar an margadh le stát leasa dírithe ar fhorbairt atá níos láidre faoi mar atá leagtha amach ag an gComhairle Eacnamaíochta agus Shóisialta Náisiúnta. Molann an chur chuige seo

tuilleadh béime a chur ar sheirbhísí á bhfáil tacaíocht á fháil acu ó thacaí ioncaim leordhóthanacha agus bearta nuálacha chun crann taca a chur faoi shochaí nua-aimseartha.^{vii}

Caithfear seirbhísí a sheachadadh ar bhonn chomhtháite, le fócas ar an leanbh agus ar an teaghlach ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Éilíonn a leithéid de chur chuige ceannaireacht pholaitiúil ag leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil, mar aon le leithdháileadh achmhainne leordhóthanaí.

Ceannaireacht Institúideach

Tá ról lárnach ceannaireachta ag an Stát agus ag na húdaráis phoiblí sna réimsí a bhaineann le caiteachas sóisialta go ginearálta, trí thacaíocht ioncaim, seirbhísí teaghlaigh, cúram leanaí, luath-oideachas agus go mór mór luthoideachais agus trí shláinte, tithíocht, agus áineas. Tá dhá thaobh ag an ról seo: ról chur i bhfeidhm trí sholathar díreach, agus ról indíreach trí bhearta a spreagadh chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí. Tá sé in acmhainn ag an Stát agus na húdaráis phoiblí dul i ngleic go díreach le bochtaineacht páistí tríd a mbeartais agus a gcláir - caithfidh go mbeadh críoch le bochtaineacht leanaí lárnach iontu seo agus go mbeadh sé comhordaithe ar fud na hearnála poiblí.

Is dúshlán leanúnach é beartas a chur i bhfeidhm agus éilíonn sé smaoineamh comhtháite. Trí leas a bhaint as cur chuige éagsúil ar nós *príomhshruthú*

uilechuimsitheachta sóisialta, chomh maith le rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíbhuntaiste agus a n-ionadaithe, trí leas a bhaint as modhanna ar nós díonú bochtaineachta agus measúnú tionchair, cabhrófar le críoch a chur le bochtaineacht a bheith i gcroílár chruthú beartais agus i gcroílár an phróisis forfheidhmiúcháin.

Tá sé in acmhainn ag an Stát agus na comhlachtaí poiblí ceanglas a chur ar nó spreagadh a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta chun an tosaíocht maidir le deireadh a chur le bochtaineacht leanaí a thabhairt san áireamh e.g. trí reachtaíocht fostaíochta, cleachtas fostaíochta, caighdeáin sheirbhíse agus trí chaighdeáin chleachtais.

Tá rólanna ceannaireachta faoi leith ag gníomhaireachtaí stáit ar nós na Gníomhaireachta um Chomhrac i gcoinne Bochtaineachta, chomh maith le heagraíochtaí ar nós Oifig Náisiúnta na Leanaí agus an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

Ag an leibhéal áitiúil tá na húdaráis áitiúla freagrach as áiseanna tithíochta cuí a chur ar fáil, chomh maith le spraoichlósanna agus leabharlanna. Trí na Boird Fiontair Contae agus Cathrach is féidir fócas a choinneáil ar dhul i ngleic le bochtaineacht leanaí ag an leibhéal áitiúil. Is féidir le tionscnaimh atá bunaithe i gceantar áitiúil trína gcomhpháirtíochtaí ceantair agus grúpaí pobail cur le tionscnaimh na n-údarás áitiúil.

Is sampla faoi leith é obair an Chláir Síochána atá maoinithe ag an AE, i gceantar na teorann. Cuireann an Clár Síochána maoin ar fáil a thacaíonn le forbairt leanaí agus daoine óga ar bhealaí éagsúla, mar shampla, trí thionscadail oideachais atá pobalbhunaithe, laistigh agus lasmuigh den scoil, trí mheán na n-ealaíon, trí oiliúint i ndrámáíocht agus i bhfísléiriú. Ceadaíonn na tionscnaimh seo do dhaoine óga scileanna a shealbhú agus muinín a chothú dá i bhforbairt féin agus chun fostaíocht a fháil sa todhcháí.

Ceardchumainn

Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta chomh maith. Bhíodh gluaiseacht na gceardchumainn báúil go traidisiúnta le tionscnaimh chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí, go háirithe i measc an lucht saothair. Is éad a bhí i gceist leis seo ná tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe cánacha, cúram leanaí feabhsaithe, dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, saoire tuismitheora soruithe oibre a bheith níos solúbtha chun cothromaíocht níos fearr idir an obair agus an saol a bhaint amach, chomh maith le hidirghabháil chun dul i ngleic le pá íseal. Chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí caithfidh a leithéid de thionscnaimh aird agus tosaíocht náisiúnta a tharraingt aníos. Tá ról lárnach ag na ceardchumainn maidir le cúnamh a thabhairt chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí a chur i lár an aonaigh maidir le hábhair bheartais, go háirithe tríd an bpróiseas comhpháirtíochta sóisialta.

Gnó

Is féidir leis an earnáil ghnó bearta a chur chun cinn chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí i mórán slite. Cabhraíonn fostaíocht na mban go mór le laghdaithe i mbochtaineacht páistí. Ach, éilíonn sé seo go nglacfar le beartais oibre a oireann do theaghlaigh, lena n-áirítear cúram leanaí agus socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí. Ar na saincheisteanna atá le réiteach tá, leibhéil tuarastal agus seasamhacht poist – tá siad seo tábhachtach nuair atáthar ag tabhairt faoi leibhéil bhochtaineachta i measc teaghlaigh ar ioncam íseal, agus tar éis sin dul i ngleic le bochtaineacht leanaí.

Is féidir le soláthar seirbhísí tionchar suntasach a bheith acu ar theaghlaigh agus ar pháistí ar ioncam íseal. I measc na seirbhísí sin áirítear seirbhísí bunúsacha (e.g. bia, leictreachas, breosla) agus seirbhísí infrastruchtúrtha (seirbhísí airgeadais, teileafóin agus iompair). Is féidir le saincheisteanna a bhaineann le teacht ar sheirbhísí, costas agus rochtain tionchar thar na bearta a bheith ar chaighdeán maireachtála teaghlaigh ar ioncam íseal. Bheadh sé úsáideach dá leagfaí síos caighdeán seirbhíse maidir leis seo.

Anuas air sin, d'fhéadfadh fostóirí tacaíocht a thabhairt d'fhreagracht sóisialta trína gceanglais a leagadh amach agus sárchleachtas a chothú lena bpríomhlucht leasa. Tugtar san áireamh ceanglais lena bhfostuithe, chomh maith le ceanglais maidir le tionscnaimh phobail agus an timpeallacht níos leithne.

Sochaí Shibhialta

Is léir go bhfuil ról ag an earnáil phoiblí agus ag an earnáil dheonach. Seasann scair mhaith de na grúpaí pobail agus deonacha do riachtanais leanaí agus nó do dhaoine atá i mbaol a bheith ar an ngannchuid. Tá ról tábhachtach acu saincheistanna a ardú maidir le bochtaineacht leanaí agus i gcothú agus trí thionchar a imirt ar bhearta chun dul i ngleic léi. Go háirithe is féidir leo tacaíocht a thabhairt do ghuth na leanaí, do chearta leanaí agus gníomhartha nuálacha áitiúla a chothú. Ba cheart go bhfaighidís tacaíocht chun a leithéid a dhéanamh.

Tá raon leathan eagraíochtaí sochaí sibhialta eile atá in acmhainn rud éigin a dhéanamh chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí in Éirinn. Bhí raon rólanna go stairiúil ag an eaglais agus ag eagraíochtaí creidimh san earnáil seo agus ba cheart go leanfaidís ar aghaidh ag soláthar ról ceannaireachta maidir le laghdú bochtaineachta. Is féidir leis na daoine sin a mhunlaíonn tuairimí cosúil le lucht na n-acadúlachta agus lucht na meán, cúnamh a thabhairt chun saincheist náisiúnta a dhéanamh de seo agus bonnfhaisnéise a sholáthar agus a chothú ar ar féidir na tionscnaimh bheartais chuí a chur ar aghaidh. Tá na tionchair seo tábhachtach ó thaobh an dul chun cinn a mheas.

Is príomhchomhpháirtithe iad an teaghlach agus an pobal áitiúil chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí. Tá ról acu ar fad maidir le tacaíocht a thabhairt do pháistí, agus maidir le breathú ar bhochtaineacht páistí mar rud nach bhfuil inghlactha. Tá na beartais

chomhtháite fíorthábhachtach, go mór mór chun tacaíocht a thabhairt do theaghlach i suímh leochaileacha.

An Pobal go Ginearálta

Ar deireadh thiar thall caithfear straitéis náisiúnta a chothú chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí ionas go mbeidh tuiscint ann ar an scála agus nádúr na faidhbe, agus go dtuigfear céard is gá a dhéanamh, chun tacaíocht agus bá an phobail go ginearálta a fháil. Sa chomhthéacs seo tá sé fíorthábhachtach go gcloisimid ó na páistí iad féin faoi chéard a chreideann siad féin is gá a dhéanamh.


Conclúid

Ní féidir glacadh le bochtaineacht leanaí i sochaí nua-aimseartha. Leagtar amach sa Ráiteas Forbhreathnaithe méid na bochtaineachta leanaí in Éirinn, céard is féidir a bhaint amach nuair is tosaíocht náisiúnta é deireadh a chur le bochtaineacht leanaí agus moltaí faoi conas is féidir bochtaineacht leanaí a laghdú in Éirinn. Is é príomhphointe an athbhreathnaithe ná go bhfuil gá ann tosaíocht náisiúnta a dhéanamh de dheireadh a chur le bochtaineacht leanaí agus gur gá do na hinstítúidí ábharthacha gach ní is féidir leo a dhéanamh chun oibriú i dtreo an chuspóra seo.

Soláthraíonn an comhaontú comhpháirtíochta sóisialta an chomhthéacs chun príomhshaincheist agus freagracht roinnte a dhéanamh don iarracht chun chríoch a chur le bochtaineacht leanaí.

CRÍOCHNÓTAÍ

- i Vision of the National Children's Strategy (2000) Stationery Office: Dublin.
- ii Is iad na sonraí is déanaí atá ar fáil ná sonraí na bliana 2003 (An Príomh Oifig Staidrimh (2005) Suirbhé an AE ar Ioncam agus Caighdeán mhaireachtála (EC-SILC) Ba í an líne bhochtaineachta (60% den mheán ioncaim le caitheamh) a bhí ann ná €185.28 in aghaidh na seachtaine (€9,668 in aghaidh na bliana .) Is éard atá san inneacs diúbarta ná:
 - Gan bhéile substaintiúil ar lá amháin ar a laghad sa choicís seo caite;
 - Gan aon teas tráth éigin den bhliain
 - Fadhbanna le fiacha ag eascairt as gnáthchostais mhaireachtála;
 - Gan bheith in acmhainn dhá phéire bróg láidir a cheannach;
 - Gan bheith in acmhainn feoil rósta a ithe uair sa tseachtain
 - Gan a bheith in acmhainn béile le feoil, sicín nó iasc a ithe gach ré lá
 - Gan a bheith in acmhainn éadaí nua a cheannach (seachas cinn athlámhe)
 - Gan a bheith in acmhainn cóta teolaí uiscédhónach a cheannach
- iii Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (2005) An Stáit Forbartha Leasa. Oifig Forbartha na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta Baile Átha Cliath
- iv Ibid.
- v Daly, M. and Leonard, M. (2002) *Against All Odds: Family Life on a Low Income in Ireland*. Combat Poverty Agency/Institute of Public Administration: Dublin.
- vi Office for Social Inclusion (2003) *National Action Plan against Poverty and Social Exclusion 2003-2005: Ireland*. Office for Social Inclusion, and Office for Social Inclusion (2005) NAP/Inclusion June 2005 Report to EU (dréacht).
- vii National Economic and Social Council (2005) *The Developmental Welfare State*. National Economic and Social Development Office: Dublin.



Cuid A
Dó

Obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta

Obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta

Sa chuid seo den tuarascáil faightear cur síos ar na gníomhartha a tugadh fúthu sa bhliain 2004 faoi scáil na gcuspóirí sa Phlean Straitéiseach de chuid na Gníomhaireachta do Chomrac na Bochtaineachta 2002 – 2004. Tugtar sonraí maidir le bearta a rinneadh chun Comrac na Bochtaineachta a fhorbairt agus chun cur le caighdeán a chuid oibre mar shampla comhlíonadh na gceanglas reachtaíochta, rialúcháin agus bainistíochta.

B'iad seo a leanas cuspóirí Chomhrac na Bochtaineachta don bhliain 2002-2004.

- Tuiscint níos cuimsithí agus níos fearr a fháil ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta go háirithe ar bhochtaineacht leanaí; chun chur leis an díos póireacht agus chun tionchar a imirt ar an díos póireacht agus ar bheartas araon.
- Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus Eorpach,

- Seirbhísí Poiblí agus Cláir Cheantar-Bhunaithe a théann i ngleic le bochtaineacht agus a chothaíonn tógáil na síochána a mheas agus a chothú.
- An cumas atá ag an earnáil forbairt phobail a láidriú maidir le dul i ngleic le bochtaineacht,
- Beartais nuálacha a mholadh a bheadh dírithe ar dháileadh ioncaim níos cothroime, ar acmhainní agus ar fostaíocht.

Sonraíonn an Tuarascáil Bhliantúil an bhliain dheireanach den chlár oibre trí bliana. Rinneadh dul chun cinn maith maidir le tromlach na gcuspóirí, agus tá roinnt gníomhartha agus imeachtaí ag teacht chun deiridh. Trí héacht suntasacha sa bhliain 2004 ba ea:

- Aitheantas do ról na n-údarás áitiúla i gcothú uilchuimsitheachta sóisialta trí roinnt beartas sainiúil agus trí ghníomhartha maidir le heisiamh sóisialta.
- Cothú chomhairle beartais atá faisnéis-bhunaithe maidir le sláinte, tithíocht, bochtaineacht bia agus acmhainní tí.
- Coimisiúnú agus stiúradh staidéir maidir leis na ngaolta atá ann idir bochtaineacht agus coimhlint agus ba é Dan Smith ó International Alert a sheol go poiblí é i Mí na Nollag i nDún Dealgan.

CUSPÓIR 1

Éireoidh leis na nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta tuiscint níos cuimsithí agus níos fearr a fháil ar bhochtaineacht agus ar eisiámh sóisialta go háirithe ar bhochtaineacht linbh, chun chur leis an díospóireacht agus chun tionchar a imirt ar an díospóireacht agus ar bheartas araon.

Taighde bochtaineachta agus tionmsú sonraí

Is gné fíorthábhachtach d'obair na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta é sonraí a chur le chéile agus a thabhairt chun dáta. Trí chlár gníomhach taighde, aithníonn Comhrac na Bochtaineachta bearnaí sna sonraí, déanann sé iniúchadh ar na saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíochta atá ag teacht aníos a bhaineann le bochtaineacht agus tiomsaíonn sé faisnéis chun éifeachtúlacht beartais phoiblí a mheas agus a fheabhsú.

D'fhoilsigh Comhrac na Bochtaineachta roinnt staidéir taighde sa bhliain 2004, lena n-airíodh:

- *Amhainní Tí a Roinnt: foghlaim ó tháscairí neamhairgeadaíochta* – le taighdeoirí ón ESRI agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, a rinne iniúchadh ar leithdháileadh acmhainní laistigh d'áitrimh, an méid bochtaineachta i measc ban agus leanaí, agus úsáid táscairí neamhairgeadaíochta chun ár

dtuiscint ar bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta a fhorbairt. Cuireadh torthaí an staidéir i láthair ag comhdháil bhliantúil Chumann Beartais Shóisialta na hÉireann.

- *Tithíocht, Bochtaineacht agus Rachmas in Éirinn* – le taighdeoirí ón ESRI Mheas an staidéar seo tithíocht ó pheirspeictíochtaí macra agus comparáideacha, ag díriú isteach ar thionacht tithíochta agus ar shaincheisteanna bhochtaineacht tithíochta agus rachmais. Leag an staidéar béim ar an bhfíric go léiríonn tionóntaí san earnáil cíosa phríobháideach an riosca bochtaineachta is airde trí thionacht. In éineacht le seoladh an fhoilseacháin bhí plé seimineáir ann agus tarraingíodh aird na meán dá réir.
- *Bochtaineacht Bia agus Beartas* - le taighdeoirí ó OÉ Gaillimh agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Rinneadh an staidéar seo i gcomhar le Crosscare agus Cumann Naomh Uinseann de Pól. Rinne an staidéar athbhreithniú faoin bhfianaise faoi iontógáil bia agus cothaitheacht an bhia i dteaghlaigh ar ioncam íseal, ag déanamh suntas de na baic struchtúrtha a chuireann srian le rochtain ar bhia cothaitheach leordhóthanach. Ag tarraingt as an taithí idirnáisiúnta, d'aithin an staidéar straitéis comhordaithe chun bia cothaitheach agus leordhóthanach a chinntiú do

theaghlaigh ar ioncam íseal. Seoladh an tuarascáil i gcomhar leis an gcomhdháil bhliantúil de Lónra na hÉorpa um Bancanna Bia. Thug tráchtairí sna meáin aird air agus bhí suim mhór leanúnach ag na meáin ann. Lean plé leis an lucht leasa tar éis an fhoilseacháin taighde a fhoilsiú san am céanna leis an Lá Bia Domhanda i Mí Dheireadh Fómhair 2004. Bhí an taighde ina ghné de Chomhdháil Chomhrac na Bochtaineachta faoi bhochtaineacht, cothú agus sláinte i Mí na Samhna 2004. Chuir Comhrac na Bochtaineachta agus a chomhpháirtithe torthaí na taighde faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais ar Thalmhaíocht agus Bhia.

Pléadh torthaí staidéir choimisiúnaithe a rinne Comhrac na Bochtaineachta ar na naisc idir bochtaineacht agus coimhlint ag seimineár beartais i nDún Dealgan i Mí na Nollag leis an príomhchainteoir

Dan Smith ó International Alert. Leagann taighde amach don chéad uair sa chomhthéacs Éireannach na naisc idir bochtaineacht agus coimhlint. Déantar athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta agus cuirtear na torthaí i bhfeidhm ar an suíomh in Éirinn. Tagann ceachtanna tábhachtacha aníos faoi conas dul i ngleic le saincheisteanna na bochtaineachta agus na coimhlinte i mbeartais frithbhochtaineachta agus i gcláir athstruchtúrtha sa todhchaí. Thug lucht acadúil in Ollscoil Uladh agus in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste faoin taighde. Foilseofar í sa bhliain 2005.

Taighde tríú leibhéal ar bhochtaineacht. Cothaíonn agus spreagann Comhrac na Bochtaineachta taighde tríú leibhéal a bhaineann le bochtaineacht agus saincheisteanna beartais gaolmhara trí Thionscnamh Taighde Bochtaineachta. Nascann an tionscnamh ceithre shnáth maoine.



- Dámhachtainí Cuallachta PhD le haghaidh taighde dochtúireacht;
- Dámhachtainí acadúla taighde;
- Cuallacht um Thaighde ar Chuairt san Institiúid Beartais, Coláiste na Tríonóide agus
- Sochrúcháin taighde ag leibhéal iarchéime agus ag leibhéal iardhochtúireacht.

Sa bhliain 2004, dámhadh cuallacht PhD ar Chris McInerney chun tabhairt faoi thráchtas dochtúireacht dar teideal *Éabhlóid ar rialtacht áitiúil agus comhpháirtíocht shóisialta – ag cur le huilechuimsitheacht shóisialta?* in Ollscoil Luimnigh. Dámhach dochtúireacht ar iarshealbhóir cuallachta, Vanessa Gash, ó Ollscoil Oxford dá tráchtas ar *Mhargaí saothair solúbhtha*. Ina dhiadh sin ghlac Vanessa le socrúchan taighde iarchéime le Comhrac na Bochtaineachta chun tuarascáil a thiomnú ar *Obair as an ngnáth in Éirinn agus sa Danmhairg*. Tháinig Anne Coakley ar bhord le Comhrac na Bochtaineachta ar shochrúchán iardhochtúireachta chun tabhairt faoi thaighde ar *Bhealaí ó Leas Sóisialach go Fostaíocht do Mháithreacha i dTeaghlaigh atá ag brath ar Leas Sóisialach*.

Foilsíodh Breosla, Bochtaineacht agus Beartas, anailís náisiúnta agus trastíortha le Jonathan Healy, iarshealbhóir ar Chuallacht Taighde ar Chuairt ó Chomhrac na Bochtaineachta ag an Institiúid Beartais, Coláiste na Tríonóide sa bhliain 2004 mar ‘pháipeár gorm’ de chuid na

hInstitiúide Beartais ar staidéir i mbeartas poiblí.

Chuir Comhrac na Bochtaineachta Socrúcháin Taighde iarchéime ar fáil do Barbara Healy OÉ, Gaillimh, agus do Ron Hick, UCD do thréimhsí trí mhí.

Cuireadh maoiniú ar fáil do cheithre dhámhachtain taighde sa bhliain 2004. Bhí luach €90,000 ar na dámhachtainí seo san iomlán. Bhí na staidéir seo bunaithe ar na hábhair seo a leanas, beartais eisiata, athchóiriú pinsin, soláthar creidmheasa do ghrupaí ar ioncam íseal, agus riachtanais fóillíochta agus áineasa leanaí agus daoine óga in áiteanna faoi mhíbhuntáiste. Tá an taighde seo á dhéanamh ag lucht acadúil in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, agus Ollscoil Luimnigh.

Foilsíodh forlónadh speisialta faoin Tionscnamh Taighde Bochtaineachta 2002-2004 in eagrán an fhómhair Action on Poverty Today. Forbraíodh formáid foileacháin nua do staidéir maoinithe ag Comhrac na Bochtaineachta, faoin Tionscnamh Taighde Bochtaineachta go príomha. Sa bhliain 2003 foilsíodh trí pháipeár ar a dtugtaí Páipéar Taighde Idir Lámha, faoi chaighdeán leordhóthánach do Leanaí, Costas Airgeadais Itheacháin Sláintúil agus Treoiruimhir Praghasanna do thomhaltóirí do theaghlaigh ar ioncam íseal. Sheol an Dochtúir Garret Fitzgerald, Seansailéar Ollscoil na

hÉireann, na páipéir agus torthaí an Tionscnaimh Taighde Bochtaineachta, 2004, i Mí na Samhna 2004.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh lena sraith seimineár mór ráchairte ag am lóin. Is forám neamhfhoirmealta iad na seimineáir chun taighde bochtaineachta a chur i láthair agus a phlé, bíodh sin taighde de chuid Chomhrac na Bochtaineachta nó taighde neamhspleách eile. Ar an meán d'fhreastal suas le 20 nó 30 duine ar gach ceann den 12 seimineár sa bhliain 2004.

Lean Comhrac na Bochtaineachta lena rannpháirtíocht i dtaighde Choiste an Údaráis Míchumais Náisiúnta.

Imsrcúdú a dhéanamh ar thaithí dhaoine ar bhochtaineacht.

Rinneadh an tuarascáil *I gcoinne an Anfhorlainn /Against all Odds*, cur síos ar thaithí dhaoine ar bhochtaineacht, i bhfad níos inrochtana le seisiúin eolais leagtha amach agus bunaithe ar thrí théama: *Fás aníos le Bochtaineacht*, *Maireachtáil le Bochtaineacht* agus *Easláinte agus Maireachtáil i bPobal faoi Mhíbhuntáiste*. Tá firicí ar bhochtaineacht linbh san áireamh sna seisiúin eolais, eagothroimí sláinte agus diúbairt pobail, treisithe ag taithí na ndaoine féin, agus moltaí maidir le hathrú. Cuireadh ar fáil go forleathan iad agus fuarthas go leor freagraí agus leiríodh gá lena thuilleadh foilseachán a bheadh tóir níos leithne orthu.

Bochtaineacht linbh agus réitigh bheartais a thuiscint

Sa bhliain 2004 lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ina chuid iarrachtaí chun feasacht a mhéadú faoi bhochtaineacht linbh trí Phacáiste Eolais dar teideal *Ag Fás Aníos le Bochtaineacht* chomh maith le bileoga eolais faoi bhochtaineacht leanaí a fhoilsiú agus a sheachadadh.

Foilsíodh staidéar dar teideal *Caighdeán Leordhóthanach do Pháistí a Thaiscéaladh* tríd an tSraith Páipéar Taighde Idir Lámha. Bhreathnaigh an staidéar ar Mhodheolaíochtaí a bhféadfaí a úsáid in Éirinn faoi chostas leanaí a riaradh, a mheas.

Chuir Comhrac na Bochtaineachta tús le Ráiteas Beartais le moltaí chun deireadh a chur le bochtaineacht linbh, bunaithe ar anailís ar threochtaí idirnáisiúnta. Sheol an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an tUas., Séamus Brennan T.D. an ráiteas *Beartais Ag Cur Deireadh Le Bochtaineacht Linbh* sa Bhliain 2005.

Chuir Comhrac na Bochtaineachta tús le staidéar ar dhinimicí bochtaineacht leanaí leis an ESRI sa bhliain 2004. Déanann an staidéar iniúchadh ar ghluaiseachtaí isteach is amach as bochtaineacht linbh. Tá na torthaí le tuairisciú sa bhliain 2005.

I rith na bliana 2004, lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag cur

leis an réamhobair do staidéar domhanfhada ar leas páistí, atá á chur ar aghaidh ag Oifig Náisiúnta na Leanaí. Déanfar coimisiúnú ar an staidéar sa bhliain 2005.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag malartú tuairimí ar shaincheisteanna beartais reatha leis an gComhar um Chríoch a chur le Bochtaineacht Linbh iad ag casadh ar a chéile faoi dhó i rith na bliana.

Bhí an deis ag Comhrac na Bochtaineachta dea-ghaol a chothú leis an Ombudsman do Leanaí, Emily Logan, tríd an bhaint atá aici le roinnt gníomaíochtaí de chuid Chomhrac na Bochtaineachta.

Comhairle a thabhairt maidir le beartas frithbhochtaineacht

Bhí teagmháil leanúnach ag Comhrac na Bochtaineachta leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le hOifig na Ranna mar chuid dá dhualgas comhchomhairliúchán a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le tosaíochtaí beartais agus straitéiseacha a bhaineann le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta. Tharla malartú tuairimí maidir lenár n-aighneacht réamhbhuiséid, maidir le saincheisteanna beartais um bochtaineacht bia, cláir na scoileanna agus obair rialtas áitiúil. I mí na Nollag, tionóladh an chéad chruinniú le Séamus Brennan T.D., tar éis a cheapacháin mar Aire Gnóthaí Sóisialacha agus

Teaghlaigh. Tionóladh seisiúin eolais le comhairleoirí speisialta an Taoisigh, Bertie Ahern TD agus an Tánaiste Mary Harney TD, agus oifigigh Shinsearacha i ranna eile lena n-áirítear An Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Comhsaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

D'eagraigh Comhrac na Bochtaineachta cainteanna le hArd-Rúnaithe Chúnta agus le hoifigigh shinsearacha eile a bhain le ranna ábhartha chun tuairimí a mhalartú maidir le treochothaí caiteachais sóisialta reatha. Chuir an Dr Virpi Timonen, Coláiste na Tríonóide agus John P. Martin, OECD, leis na cainteanna, nuair a leag siad béim ar thábhacht caiteachais shóisialta chun bochtaineacht a laghdú.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag déanamh anailíse agus ag déanamh aighneachtaí ar mhórán gnéithe den bheartas poiblí, go háirithe Búiséad 2005. B'iad seo leanas na haighneachtaí ba shuntasá a rinneadh sa bhliain 2004.

- Aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil maidir le gné cuimsithe sóisialta a thabhairt isteach laistigh de phleananna corparáideacha na n-údáras áitiúla;
- Cuireadh aighneachtaí chuig gach Údaráis Réigiúnach Áitiúil faoi ghné chuimsithe sóisialta a shú isteach

laistigh dá dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha;

- Aighneacht maidir leis an mBille Sláinte 2004.
- Aighneacht chuig Grúpa Straitéiseach na dTomhaltóirí;
- Aighneacht chuig an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi thosaíochtaí beartais do Bhuiséad na bliana 2005.
- Aighneacht chuig an Tascfórsa Náisiúnta um Fhoircheasacht;
- Aighneacht chuig an OECD faoina athbhreithniú ar Ard-Oideachas.
- Aighneacht maidir leis an mBille Comhionannais 2004.
- Aighneacht chuig Oifig an Chéad Aire agus an Leas - Chéad Aire Thuaisceart Éireann maidir leis an gcáipéis i *dtreo Straitéis Frithbhochtaineachta - Cáipéis Chomhairliúcháin*; agus
- Aighneacht chuig Teach na dTeachtaí um Ghnóthaí Thuaisceart Éireann faoi *Bhealaí chun Déileáil le Stair Thuaisceart Éireann*

Chas Comhrac na Bochtaineachta le Coiste an Oireachtais um Ghnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh faoi dhó sa bhliain 2004. i Mí Eanáir chuireamar i láthair anailís ar Bhuiséad na bliana 2004 agus an tionchar athdháilithe a bheadh aige, agus leagamar béim ar an imní a bhí orainn maidir le leibhéal íseal caiteachais sóisialta na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa. I Mí Dheireadh Fómhair cuireadh i láthair ár n-aighneacht faoi Bhuiséad na bliana 2005 roimh an gComhchoiste

Oireachtais ag imlíniú tosaíochtaí do bheartas bochtaineachta agus do shonraí nua bochtaineachta.

Chas Comhrac na Bochtaineachta agus ár gcomhpháirtithe sa Chlár Síochána, i mBainistíocht Forbairt Limistéir Teo, i gComhoibriú Éireann agus i bhFondúireacht Pobail do Thuaisceart Éireann le Coiste an Oireachtais Um Ghnóthaí na hEorpa agus chuireamar forléiriú ar ár gcuid oibre tríd an gClár Síochána i láthair agus léiríomar an gá atá le leanúint ar aghaidh leis an obair seo i measc an phobail sa todhchaí.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag cur seisiún eolais agus eolas ar fáil do pháirtithe polaitiúla agus do chomhpháirtithe sóisialta faoi bhochtaineacht agus faoi shaincheistean beartais.

D'fhreastal Comhrac na Bochtaineachta ar iarratais ar eolas ó ghrúpaí seachtracha. Mar chuid de seo chas an Stiúrthóir agus an fhoireann le roinnt toscaireachtaí agus rinne siad roinnt cur i láthair ar raon saincheistean. San áireamh chas siad ar thoscaireacht ón mBrasaíl agus le déantóirí beartais ón Astráil. Ar na hábhair a cuireadh i láthair bhí athnuachan comharsanachta, bochtaineacht agus sláinte ban.

Bochtaineacht agus Comhpháirtíocht Shóisialta

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag déanamh idirghabhála leis na comhpháirtithe sóisialta, ag cur seisiún eolais agus eolas ar fáil a

bhaineann le ‘Dul chun Cinn a Choinneáil’ go mór mór maidir leis na ‘Deich dTionscnaimh Speisialta’, le fócas faoi leith ar an tionsnamh ‘Críoch a chur le Bochtaineacht Linbh’.

Bhí Comhrac na Bochtaineachta rannpháirteach sa Líonra um Beartas Sóisialta a thugann eagraíochtaí reachtúla agus eagraíochtaí pobail agus deonacha le chéile chun faisnéis a mhalartú faoi thionscnaimh beartas sóisialta.

Ag cur le comhlachtaí comhairliúcháin rialtais agus tasc fórsaí

I rith na bliana 2004 lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh lena rannpháirtíocht thar raon comhlachtaí comhairliúcháin rialtais agus tasc fórsaí, ag déanamh monatóireachta ar chláir agus ag cur inchur Bochtaineachta ar fáil do chainteanna beartais agus pleanála. Ba é an ceann ba shuntasáí díobh seo ná an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus

an Plean Forbartha Náisiúnta. Ba iad seo a leanas na comhlachtaí lena raibh sé ag obair sa bhliain 2004:

- An Coiste Comhchomhairliúcháin um Uilechuimsitheacht Shóisialta den Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta, a thionól an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh;
- Grúpa Comhairleach Teicniúil den Straitéis NAPS um Shonraí agus Taighde a thionól an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh;
- An Coiste Idir-Ranna do Bhliain Idirnáisiúnta na dTeaghlach an NA in 2004 a thionól an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh;
- An Coiste Náisiúnta den tSeirbhís Comhairle Airgid agus Buiséadaithe na Ranna Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh;
- Faoi Phlean Forbartha Náisiúnta, na Coistí Monatóireachta de na Cláir Feidhmíochta de Réigiún an Oirthir, Lár Tíre agus Iarthair agus an



Réigiún Thoir agus Theas. Ón bhFomhair 2004, bhí ionadaíocht ag Comhrac na Bochtaineachta ar na Coistí Monatóireachta Fostaíochta agus Acmhainní Daonna, agus ar na Cláir Fheidhmíochta Infrastruchtúrtha Eacnamaíochta agus Sóisialta;

- An Coiste Comhordaithe um Chomhionannas Deise agus Uilechuimsitheacht Shóisialta den Phlean Forbartha Náisiúnta, arna thionóladh ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- An Grúpa um Dhíonú Comhionannas, faoi chathaoirleacht na Ranna Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- An Coiste Monatóireachta URBAN, a thionóil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- An Coiste Monatóireachta den Chlár Síochána a thionóil Comhlacht Cláir Speisialta an AE;
- An Grúpa Stiúrtha um Chúram Príomhúil den Roinn Sláinte agus Leanaí;
- An Fóram Comhchomhairliúcháin um Sheirbhisí Tacaíochta do Theaghlaigh a thionóil an Roinn Sláinte agus Leanaí; An Coiste Comhchomhairliúcháin um Chlár Tacaíochta d'Fhorbairt Phobail faoi choimirce na Ranna Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta;
- An Grúpa NAPS um Shláinte Oibre den Roinn Sláinte agus Leanaí agus
- An Grúpa Oibre um Thionscnamh Comhionannais Oideachais den Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tuiscint ar bhochtaineacht a chothú

Tá sé ar cheann de na cheithre phríomhshnáth d'obair Chomhrac na Bochtaineachta, tuiscint ar bhochtaineacht a chothú trí oideachas poiblí. Foilseacháin, comhdhálacha, cláir oideachais, seirbhísí faisnéise leictreonacha, cuir chun cinn sna meáin, seirbhís leabharlainne, láithreán gréasáin, dul i gcomhairle faoi bheartais agus obair le scoileanna, díriú ar phríomhlucht éisteachta nó féachana, lena n-airítear ranna rialtais, ionadaithe tofa, comhpháirtithe sóisialta, comhlachtaí reachtúla agus deonacha agus an pobal go ginearálta.

Chuir Comhrac na Bochtaineachta gach iarrthóir sna toghcháin do Phairlimint na hEorpa ar an eolas faoin gClár Oibre Sóisialta Eorpach agus na Pleananna Náisiúnta Gnímh Frithbhochtaineachta agus Eisiámh Sóisialta, ag leagadh béime ar an tábhacht a bhaineann le tosaíocht a dhéanamh maidir le bhochtaineacht ar chlár oibre an AE.

Rinne Comhrac na Bochtaineachta teagmháil le gach comhairleoir sna húdaráis Áitiúla a togadh i Mí an Mheithimh 2004. Seoladh eolas chucu faoi bhochtaineacht agus faoin obair a dhéanann Comhrac na Bochtaineachta leis na húdaráis áitiúla, trí chlár frithbhochtaineachta an rialtais áitiúil.

Trí húsáid a bhaint as bunachar sonraí Stratagem, d'éirigh le Comhrac na

Bochtaineachta cuntas a choinneáil ar an teagmháil atá déanta aige agus an t-eolas a seoladh chuig baill an Oireachtais i rith na bliana.

Faisnéis faoi bhochtaineacht

Foilsíodh ceithre heagrán den iris *Action on Poverty Today* le Comhrac na Bochtaineachta.

Tharla roinnt imeachtaí do na meáin sa bhliain 2004, chun aird a tharraingt ar a phríomhaighneachtaí beartas (Féach Thuas) Áirítear orthu sin:

- Tuarascáil Bhliantúil 2003
- Aighneacht ar Bhuiséad na bliana 2005 (aighneacht réamhbhuiséad).

I bhféilire na bliana 2004 de chuid Chomhrac na Bochtaineachta bhí ráiteas pearsanta a tógadh ón staidéar i *gCoinne an Anforlainn*, ó dhaoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht.

Tugadh bileoga eolais Chomhrac na Bochtaineachta cothrom le dáta agus tá siad ar fáil ar an láithreán gréasáin www.combatpoverty.ie. Is iad seo na teideil atá ar fáil, *Céard is Bochtaineacht ann? Bochtaineacht a Thomhas; Bochtaineacht Linbh in Éirinn agus Teaghlaigh Thuismitheoir Aonair agus Bochtaineacht*. Cuireadh an teideal seo, *Easpa Dídine agus Bochtaineacht* leis an tsraith sin.

Tiomsaíodh paimfléid a scríobh daltaí dara leibhéal do dhaltaí san leibhéal sin. Ba iad seo leannas na teidil; *Céard is Bochtaineacht ann? Freagraí ar*

Bhochtaineacht; Daoine agus Bochtaineacht; Cén fáth go mbíonn Daoine Bocht?

Foilsíodh agus cuireadh an páipéar phlé beartais, *Is olc an rud é Bochtaineacht do do Shláinte* chun cinn.

Forbraíodh tionscnamh maoinithe mar chuimhne ar an Lá Idirnáisiúnta le haghaidh Críoch a chur le Bochtaineacht ar an 17 Deireadh Fómhair, agus dámhadh ceithre dheontas le haghaidh imeachtaí ar an lá agus na laethanta timpeall an lae sin.

Iar-Bhunoideachas agus forbairt curaclaim

Chuir Comhrac na Bochtaineachta deireadh lena obair thorthúil leis an Aonad um Fhorbairt Churaclaim de chuid an Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC CDU) ar an tionscadal *Bochtaineacht, an Seomra Ranga agus an Curaclaim*. Bhí ocht scoileanna dara leibhéal agus aon cheann déag de ghrúpaí pobail um Frithbhochtaineachta páirteach i gcomhpháirtíochtaí pobail scoile maidir le hoideachas agus feasacht faoi bhochtaineacht. Ar na príomhfhorbairtí sa bhliain 2004 bhí:

- Foilsiú an dara heagrán de Scéala Comhpháirtíocht Pobail Scoile.
- Oiliúint Múinteoirí faoi anailís shóisialta agus tuiscint a fháil ar bhochtaineacht.
- Críochnaíodh an tríú ceann de thrí

chinn de thuaraiscís meastóireachta foirmitheacha ar an tionscadal. Sa tuarascáil seo tugann na daltaí aiseolas faoin tionscadal. Dúirt roinnt mhaith daltaí go mbeidh tionchar fadtéarmach ar a saol ag a rannpháirtíocht sa tionscadal.

Mhéadaigh an tionscadal tuiscint na múinteoirí ar fhorbairt pobail agus ar dhiúbairt shocheacnamaíoch ina gceantair. Cothaíodh

dlúthpháirtíocht idir na hoibrithe pobail agus na múinteoirí laistigh de na comhpháirtíochtaí;

- Seiminéar deireanach “Ag Oscailt Doirse”: Tionóladh ‘An Scoil agus an Pobail i bhFeasacht agus in Oideachas Bochtaineachta’ chun deireadh a chur leis an tionscadal, chun aitheantas a thabhairt d’éachtaí na ndaltaí, na múinteoirí agus na pobail a bhí páirteach, agus chun aitheantas a thabhairt don chomhobair fíorluachmhar idir Comhrac na Bochtaineachta agus Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba í Ombudsman na Leanaí, Emily Logan a d’oscail an imeacht.
- Tionóladh seisiúin eolais leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, agus an Oifig um Uilechuimsitheacht Shoisialta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) chun príomhshrúthú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí scoile agus

pobail mar chur chuige i leith feasacht bhochtaineachta sa seomra ranga.

- Ullmhaíodh agus seachadadh treoirlínte do mhúinteoirí faoi conas is ceart comhpháirtíochtaí scoile agus pobail a fhorbairt agus
- láithreán gréasáin eolais faoi chomhionannas, faoi bhochtaineacht agus cearta leanaí www.cspe.ie do dhaltaí agus do mhúinteoirí a mhúineann Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (CSPE) a chothú agus a thabhairt chun dáta go leanúnach. Is ceacht comhoibríoch é an láithreán gréasáin ag Comhrac na Bochtaineachta, ag Comhaontas Cearta na Leanaí, ag An Údarás Comhionannais agus ag Cumann Naomh Uinseann de Pól

Bronnadh Dámhachtain Chomhrac na Bochtaineachta ar an Nuálaí Sóisialta Óg na Bliana don dara huair sa bhliain 2004, mar chuid d’iarrachtaí leanúnacha chun feasacht ar bhochtaineacht agus ar shaincheisteanna sóisialta a spreagadh i measc daltaí sa dara leibhéal.

Bronntar an dámhachtain ar dhaltaí san idirbhliain as tionscadal a bhaineann le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta. Bhuaigh St. Louis High School, Ráth Maoinis i mBaile Átha Cliath an dámhachtain as an tionscadal a rinne siad faoi na naisc idir bochtaineacht agus míchumas.

CUSPÓIR 2

Tabharfaidh Comhrac na Bochtaineachta tacaíocht do chur i bhfeidhm éifeachtúil straitéisí frithbhochtaineachta ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus Eorpach.

Cur chun cinn na Straitéise Frithbhochtaineachta Náisiúnta (NAPS)

Tugann Comhrac na Bochtaineachta tacaíocht do chur i bhfeidhm NAPS trí obair ar dhionú bochtaineachta, NAPS a chur ar fáil chuig na húdaráis áitiúla agus chuig na seirbhísí sláinte, ag foghlaim ceachtanna ó thíortha eile faoi phríomhshruthú beartais frithbhochtaineachta, trí rannpháirtíocht dhaoine atá eisiata a spreagadh agus a chur chun cinn sa NAPS, agus tionchar a imirt ar an bPlean Náisiúnta Gnímh i gcoinne Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta faoi mar atá riachtanach do gach ball stáit san AE. Tá mionchur síos ar na tionscnaimh seo sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Plean Náisiúntana na hÉireann um Gníomh i gCoinne Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta

Bhí Comhrac na Bochtaineachta páirteach i go leor tionscnamh chun Plean Náisiúnta na hÉireann i gCoinne Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta a phlé agus a chur chun cinn. I measc na dtionscnamh seo bhí comhdhálacha eagraithe ag Uachtarántacht na hÉireann ar an AE faoi imircigh agus faoin gclann. Bhí inchur ag an stiúrthóir ag seimineár

loruach faoi Phleananna Náisiúnta Gnímh i gCoinne Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta.

Príomhshruthú Uilechuimsitheacht Shóisialta

Mar chuid den Chlár Malartaithe Trasnáisiúnta um Eisiamh Sóisialta arna mhaoiniú ag an AE, d'fhoilsigh Comhrac na Bochtaineachta tuairisc taighde faoi Phríomhshruthú Uilechuimsitheacht Shóisialta mar chuid de chéim 1 den chlár maoinithe seo. Féachann an tuairisc seo ar thuiscintí éagsúla agus cleachtais éagsúla don choincheap 'príomhshruthú uilechuimsitheacht shóisialta' i ndlínsí éagsúla. Tagann na Comhpháirtithe tionscadal éagsúla ón bhFrainc agus ó Thuaisceart Éireann, chomh maith leis an Línra Frithbhochtaineachta Eorpach (EPAN) agus in Éirinn is iad an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus an Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta atá páirteach ann.

D'éirigh go maith le Comhrac na Bochtaineachta maoiniú a chinntiú faoi Chéim II den Chlár ar feadh dhá bhliain eile chun leanúint ar aghaidh chun an obair ar 'príomhshruthú uilechuimsitheacht shóisialta' a fhorbairt. Ba chomhpháirtithe eile san obair iad Poblacht na Seice agus an Iorua. Sa bhliain 2004 forbraíodh trí shnáth den obair: Forbairt beartais, rannpháirtíocht agus forbairt chreat mheastóireachta. Tionóladh cruinnithe i roinnt tíortha chomhpáirteacha. Tá an obair ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2005;

cuirfear deireadh le seimineár Eorpach agus le leabhar faoi phríomhshruthú a fhoilsiú agus le foilsiú lámhleabhair ar CD Rom.

Rannpháirtíocht i NAPS

Chuir Comhrac na Bochtaineachta maoiniú agus tacaíocht forbartha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do 10 dtionscadail chun daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht a thabhairt isteach san fhorbairt nó i gcur i bhfeidhm NAPS, ag tabhairt aitheantais don bhfíric go bhfuil baic ann do dhaoine atá bocht aon tionchar a imirt ar bheartas agus go minic ní bhíonn deis acu a bheith rannpháirteach. Bhí tionchar ag an obair seo ar an bhFóram Uilechuimsitheacht Shóisialta, a d'eagraigh an Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta, i Mí Eanáir 2005.

Díonú Bochtaineachta

Is meicníocht é díonú bochtaineachta chun measúnu a dhéanamh ar an tionchar atá ag beartais agus ag cláir náisiúnta agus áitiúla ar bhochtaineacht agus chun a chinntiú nach bhfuil drochthionchar ag na bearta sin ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi mhíbhuntáiste. Is acara fíorthábhachtach é chun forfheidhmiú rathúil an NAPS a chinntiú.

Thiomsaigh Comhrac na Bochtaineachta ábhair faoi dhíonú bochtaineachta le cur san áireamh sa *Treoir um Fhorbairt Straitéis Áitiúil Frithbhochtaineachta*.

Ghlac Comhrac na Bochtaineachta páirt i ngrúpa a thionól an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi Dhíonú Comhionannais agus bhí inchur aige ar thionscadal taighde faoi choimice an Údaráis Chomhionannais maidir le tús a chur le cur chuige chomhtháite dhíonaigh.

Ag tabhairt tacaíochta do straitéisí áitiúla frithbhochtaineachta

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag obair chun an NAPS a leathnú amach go leibhéal áitiúil agus go leibhéal réigiúnach chomh maith. Tá roinnt snáth bainteach leis an ngníomh seo lena n-áitítear:

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéisí frithbhochtaineachta áitiúla;
- Tacaíocht a thabhairt d'aonaid uilechuimsitheachta sóisialta;
- Forbairt a dhéanamh ar an Líonra Frithbhochtaineachta Foghlama de chuid an Rialtais Áitiúil, agus
- Tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht phobail sa rialtas áitiúil.

D'oibrigh Comhrac na Bochtaineachta go dlúth lena chomhpháirtithe, an Roinn Comhsaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil (DoEHLG) agus an Oifig Uilechuimsitheachta Sóisialta (OSI), ar na tionsnaimh seo. Lorg Comhrac na Bochtaineachta go ndéanfaí príomhshruthú ar na heilimintí seo agus as sin, bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Údarás Áitiúil um Uilechuimsitheacht

Shóisialta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpríomhshruthú. Tá an Grúpa Stiúrtha faoi chathaoirleacht na Ranna Comhsaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá Comhrac na Bochtaineachta, an OSI agus an Institiúid Riaracháin Poiblí agus An Bord Seirbhísí Bainstíochta Rialtais Áitiúil páirteach ann. Tá comhréiteach ann anois i measc na ngníomhaireachtaí seo gur idirbhliain a bheidh ann in 2005, ina shúfaí isteach an fhoghlaim ón obair seo sa phríomhshruthú agus go mbeidh an Institiúid Riaracháin Poiblí i bhfeighil ar chomhordú an Líonra Frithbhochtaineachta Rialtais Áitiúil ón mbliain 2006.

Straitéisí áitiúla frithbhochtaine

Sa bhliain 2004, lean comhrac na bochtaineachta ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thrí údarás áitiúil chun straitéis frithbhochtaineachta a fhorbairt. Ba iad na trí údarás áitiúil ná Údarás Dhún an nGall, Údarás na hIar Mhí agus Údarás Chathair Chorcaí. Cuireadh torthaí na hoibre seo i láthair ag comhdháil náisiúnta *Ag Déanamh Difríochta* i Mí Dheireadh Fómhair. Ullmhaíodh *Treoir maidir le Straitéisí Frithbhochtaineachta* agus beidh sé ar fáil do na húdaráis áitiúla sa bhliain 2005.

Aonaid um Uilechuimsitheacht Shóisialta

Iarradh ar Chomhrac na Bochtaineachta tacaíocht a thabhairt do na hAonaid Uilechuimsitheachta Sóisialta sna

hÚdaráis Áitiúla nuair a bunaíodh iad sa bhliain 2001. Lean an tacaíocht seo ar aghaidh sa bhliain 2004, agus d'oibrigh Comhrac na Bochtaineachta go dlúth leis an Roinn Comhsaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le foireann aonad chun cabhrú le haonaid a gcuid tosaíochtaí a aithint. Bhí Comhrac na Bochtaineachta páirteach i meastóireacht na n-aonad a rinne Fitzpatrick and Associates, a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn Comhsaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus bhí ionadaíocht ag Comhrac na Bochtaineachta ar ghrúpa stiúrtha a rinne maoirseacht ar an obair. Rinneadh coimisiúnú ar thionscnamh chun próifiliú a dhéanamh ar obair na n-aonad agus foilseofar é sa bhliain 2005.

Líonra Foghlama Frithbhochtaineachta
Bhunaigh Comhrac na Bochtaineachta an Líonra Foghlama Frithbhochtaine de chuid an Rialtais Áitiúil (Líonra Foghlama) chun creat a sholáthar ina bhféadfadh údaráis áitiúla a n-obair frithbhochtaineachta a roinnt agus a fhorbairt chomh maith lena saineolas agus a n-eolas féin ar bheartas agus ar chleachtas a roinnt ar a chéile.¹ Is cuid lárnach d'obair Chomhraic na Bochtaineachta é tacaíochtaí, eolas agus oiliúint a chur ar fáil don Líonra seo chun gníomhartha frithbhochtaineachta a leathnú amach chuig an leibhéal áitiúil.

Fostaíodh roinnt comhchomhairleoirí chun tacaíochtaí sainiúla a sholáthar

do na húdaráis áitiúla sna réimsí cumarsáide, oiliúna, agus forbairt pobail.

Tháinig an Coiste Comhairleach Rialtais Áitiúil agus an Coiste Stiúrtha le chéile cúpla uair sa bhliain 2004. Bhunaigh Comhrac na Bochtaineachta na comhlachtaí seo le hionadaíocht ó réimse comhlachtaí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí pobail san áireamh chun cur i bhfeidhm an chlár oibre a stiúradh leis na húdarais áitiúla.

Tháinig an Líonra Foghlama le chéile i Mí Márta agus i Mí Iúil agus thionóil siad comhdháil náisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair. Bhí cainteanna sna cruinnithe seo faoi straitéisí frithbhochtaineachta agus faoi ról na n-údarás áitiúil, faoi obair le mionlaigh eitneacha agus faoi obair comhpháirtíochta le pobail áitiúla.

Chriochnaigh na comhchomhairleoirí Fitzpatrick and Associates

meastóireacht ar an Líonra Foghlama agus mhol siad go leanfar leis an obair mar eilimint riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do NAPS ag leibhéal áitiúil. Tionsaíodh roinnt tuairicí, agus tuairisc ar tháscairí bochtaineachta áitiúla, próifiliú bochtaineachta agus díonú bochtaineachta. Chuir na tuairiscí seo leis an Treoir d'fhorbairt straitéis frithbhochtaineachta áitiúil, chomh maith le páipéir eile forbartha mar chuid den obair leis na húdaráis áitiúla. Tionsaíodh roinnt eagrán de nuachtlitir an Líonra Learning Brief agus Network Exchange, an nuachtlitir leictreonach.

Údaráis Áitiúla agus Tionscadal Uilechuimsitheacht Shóisialta (LASI)

Bhí Comhrac na Bochtaineachta ar son Líonra Foghlama Frothbhochtaineachta Rialtais na hÉireann páirteach i dtionscadal arna mhaoiniú ag an AE, agus faoi choimirce An Líonra Rialtais Áitiúil an Ríochta Aontaithe, trí Ionad Rialtas



Áitiúil Ollscoil Warwick, faoi 'Údaráis Áitiúla agus Uilechuimsitheacht Shóisialta' (LASI). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo cleachtas frithbhochtaineachta i rialtas áitiúil a láidriú agus tá chomhpháirtithe ón tSualainn, an Spáinn agus an Liotuáin san áireamh ann. Ba é príomhaidhm an tionscadail LASI sa bhliain 2004 ná táscairí agus próisis a aithint agus a fhorbairt le húsáid i gCláir Athbhreithnithe Phiaraí a thabharfar fúthu idir na húdaráis áitiúla agus na tíortha chomhpháirtíochta in 2005.

Rannpháirtíocht Pobail i Rialtas Áitiúil

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag soláthar oiliúint agus tacaíocht chuig foireann údaráis áitiúla faoi pháirtíocht grúpaí eisiata sa rialtas áitiúil a chothú chomh maith le tacaíocht a sholáthar do na hOifigigh Forbartha Pobail agus chuig na hOifigigh Forbartha Fiontraíochta.

Ceartha eacnamaíochta agus sóisialta

Cothaíonn Comhrac na Bochtaineachta díospóireachtaí poiblí ar eifeachtúlacht chur chuige bunaithe ar chearta maidir le hobair frithbhochtaineachta agus maidir le ceartha eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a láidriú laistigh de NAPS.

I rith na bliana 2004, lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag comhoibriú ar bhonn thuaidh-theas le roinnt grúpaí cearta daonna chun

féachaint ar fheidhmíocht chur chuige ceartabhunaithe maidir le gníomhaíocht áitiúil frithbhochtaineachta. I measc na ngrúpaí comhpháirtíochta bhí, An Chomhairle Saoirse Sibhialta na hÉireann,(ICCL), An Coiste um Riaradh Ceartais (CAJ) bunaithe i mBéal Feirste, An Fondúireacht Pobail do Thuaisceart Éireann (CFNI) agus Comhar Ceardchumann an hÉireann (ICTU). Tionóladh comhdháil i Mí Márta chun an chur chuige seo a chothú agus foilsíodh tuairisc ina dhiadh sin agus seoladh é ag deireadh na bliana 2004.

Ba Phríomhthionscnaimh é an fhorbairt bhreise ar an tionscadal *Rannpháirtíocht agus Cleachtas Cearta* le grúpaí pobalbhunaithe ó thuaisceart Bhéal Féirste agus ó Thuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal ag obair chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine áitiúla in áiteanna faoi mhíbhuntaiste, chun cearta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a úsáid mar acaraí chun athruithe a chrúthú ina bpobal i bhfábhar daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus faoi mhíbhuntáiste agus faoi éagothroime. Thug Comhrac na Bochtaineachta tacaíocht do mheastóireacht ar an obair seo ar son na ngrúpaí comhpháirtíochta sa bhliain 2004. Cuireadh tús le hobair ar thogra suntasach maoinithe chun leanúint leis an obair seo thar thréimhse trí bliana.

Bhí cainteanna ag Comhrac na Bochtaineachta leis an gCoimisiún Cearta Daonna chun smaointe a roinnt faoi thosaíochtaí chomhchoitinn.

CUSPÓIR 3

Déanfaidh Comhrac na Bochtaineachta meastóireacht ar agus cothóidh sé seirbhísí poiblí agus cláir cheantair bhunaithe a théann i bhfeidhm ar bhochtaineacht agus a chothaíonn tógáil na síochána.

Ag dul i ngleic le héagothroidimí sláinte

Athnaíonn Comhrac na Bochtaineachta go bhfuil tábhacht ag baint le factóirí socheacnamaíochta agus bochtaineacht san áireamh le stádas sláinte. Tugann Comhrac na Bochtaineachta tacaíocht do chur chuige forbairt pobail chun dul i ngleic le bochtaineacht agus éagothroidimí sláinte.

Ba é an Clár *Tógáil Pobail Sláintiúla* an príomh iomstram d'obair Chomhraic na Bochtaineachta ar mhíbhuntáiste sláinte. Feidhmíonn an Clár trí cheithre shnáth éagsúla:

- Nuálacht
- Líonrú
- Taighde agus meastóireacht agus
- Beartas

Lean Grúpa Comhairleach ar aghaidh lena chuid oibre sa bhliain 2004 agus thug sé cúnamh chun tosaíochtaí a shainmhíniú agus chun meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar mhaoin.

Nuálacht

Cuireadh maoin eile ar fáil chun

tacaíocht a thabhairt do chur chuige forbairt pobail maidir le héagothroidimí sláinte agus rannpháirtíocht pobal i mbeartas agus i gcleachtas sláinte. Fuarthas céad agus a deich n-iarratas. Leithdháileadh €180,000 ar thrí thionscadal déag (féach Agúisín 2 do liosta na ndeontas) Cuireadh €45,000 ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanáil le haghaidh trí thionscadal breise, agus bhí dhá cheann acu sin an-ábharthach don Straitéis Príomhchúraim. Mar chuid den phróiseas maoinithe, ullmhaíodh agus scaipeadh bróisiúr maoiné agus tionóladh seisiúin eolais d'iarrthóirí poitéintiúla. Chas Comhrac na Bochtaineachta leis na grúpaí ar fad a fuair maoin i rith na bliana agus chuir sé comhairle ar na grúpaí agus thug sé tacaíocht do na grúpaí sin.

Líonrú

D'éascaigh Comhrac na Bochtaineachta roinnt cruinnithe líonraithe do na grúpaí a fuair maoiniú chun faisnéis a mhalartú agus chun na príomhthéamaí a thagann aníos as a gcuid oibre a aithint. Foilsíodh bileog eolais, le hachóimre ar an obair mhaoinithe chomh maith le sonraí teagmhála do na grúpaí maoinithe ann.

Tionóladh comhdháil náisiúnta dár teideal *Cothú, Bochtaineacht agus Sláinte* i bPortlaoise i Mí na Samhna 2004, a tharraing as taighde déanta ag Comhrac na Bochtaineachta.

Taighde agus meastóireacht

Críochnaíodh meastóireacht ar an gclár *Ag Tógáil Pobail Sláintiúil i rith 2004*

agus cuireadh oiliúint faoi féinmheastóireacht ar fáil do ghrúpaí maoinithe.

Rinneadh coimisiúnú ar dhá pháipéar ar shaincheisteanna a d'éascair as obair maoinithe: Rannpháirtíocht Pobail i mBeartas agus Cleachtas Sláinte; Riachtanais Sláinte Grúpaí Goilliúnacha.

Ullmhaíodh páipéar gearr, ag tarraingt as athbhreithniú litríochta agus as athbhreithniú beartais faoi na naisc idir Bhochtaineacht, Forbairt Pobail agus Sláinte a rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ullmhaíodh agus foilsíodh bróisiúr faoi *Bhochtaineacht agus Sláinte* mar chuid de Shraith Eolais Chomhrac na Bochtaineachta.

Foilsíodh leabhrán, *Is Olc an rud é Bochtaineacht do do Shláinte* leis an Dr Ruth Barrington, mar Pháipéar Phlé Beartais.

Solathraíodh maoiniú tríd an Institiúid Sláinte Phoiblí, chun tacaíocht a thabhairt do thaighde a dhéanfaidh an Grúpa Oibre NAPS faoi shláinte. Beidh athbhreithniú ar *Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus Sláinte*, a cuireadh ar fáil sa bhliain 2001 san áireamh ann.

Beartas

Bhí teagmháil rialta ag Comhrac na

Bochtaineachta leis an Roinn Sláinte agus Leanaí i gcomhthéacs an Chláir *Ag Tógáil Pobal Slaintiúil*. Lean sé le ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha Príomhchúraime, eagraithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. D'fhreastal sé ar fhoghrúpaí maidir le rannpháirtíocht pobal agus comhionannais. Ghlac Comhrac na Bochtaineachta páirt sa Ghrúpa Oibre NAPS um Shláinte a d'atheagraigh an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Ag eascairt as comhchomhairle le lucht gairme sláinte faoi thionscnaimh feasachta a fhorbairt le lucht gairme sláinte sheas Comhrac an Bochtaineachta leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, An Institiúid Sláinte Phoiblí, Feidhmeannas na mBord Sláinte, An Oifig Uilschuimsitheacht Shóisialta, Bord Sláinte an Lár-lartharhair agus Bord Sláinte an Limistéir Thiar -Theas i dtionscadal comhoibritheach faoi choimirce Foireann Pleanála Tionscadail na Seirbhísí Sláinte um an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (NAPS).

In 2004 tugadh bróisiúr eolais faoin Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus Sláinte chun críche. Críochnaíodh na staidéir bhunlíne faoi NAPS agus Sláinte. (i) Cur i bhfeidhm straitéiseach NAPS ag na boird sláinte; (ii) Scóipeáil gníomhaíocht frithbhochtaineachta sna boird sláinte i gcomhthéacs spriocanna NAPS; agus (iii) Suirbhé ar fheasacht faoi gníomhaíocht frithbhochtaineachta i measc foireann na mBord sláinte.

Caiteachas sóisialta agus dáileadh ioncaim

Tá tionchar nach beag ag an sciar den ioncam náisiúnta curtha ar leathaobh do sholáthar na seirbhísí bunúsacha ar nós tithíochta, sláinte, oideachais agus cúraim leanaí ar an leibhéal bochtaineachta agus éagothroime sa tsochaí.

Rinneadh coimisiúnú ar iarfhocal *Chaiteachas Sóisialta na hÉireann i gComhthéacs Comparáideach Idirnáisiúnta (2003)* sa bhliain 2004. Tógann an t-iarfhocal ar an tuairisc roimhe seo agus solathraíonn sé eolas breise agus anailís bunaithe ar na sonraí is déanaí agus tugann sé moltaí beartais. Cuireadh na réamhthoratháí i láthair chun plé a dhéanamh orthu le státsheirbhísigh shinearacha.

Cur i bhfeidhm an Chláir Síochána II.

Riarann an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta (CPA) in éineacht lena comheagraíocht Bainistíocht Forbairt Limistéir Teo, (ADM) deich gcinn de bhearta Síochána II sa réigiún teorannach an deiscirt, atá tiomanta d'Athnuachan Eacnamaíochta agus do Chomhtháthú Sóisialta, d'Uilechuimsitheacht agus d'Athmhuintearas ó Oifig ADM/CPA i Muineacháin. Anuas air sin riarann sé dhá bheart trasteorann trí chuibhreann trasteorann i gcomhar le ADM, an Fhondúireacht Pobail do Thuaisceart Éireann agus Comhoibriú na hÉireann. Tá na bearta seo dírithe ar Uilechuimsitheacht Trasteorann agus Athmhuintearas agus Oideachas trasteorann, Oiliúint agus Acmhainní Daonna.



I rith na bliana 2004 cuireadh an leithdháileadh €98 milliún ar fáil do Thionscadail Síochána (Féach Aguisín 3 do liostaí na ndeontas)

Ghlac foireann de chuid Chomhrac na Bochtaineachta páirt i comhfhóram beartais le ADM/CPA i Mí an Mheithimh agus i seisiúin oiliúna roinnte. Bhí cainteanna beartais tríd an mbliain 2004 bunaithe ar dhá cheist straitéiseach:

- Conas na ceachtanna foghlamtha trí oibriú na gClár Síochána a nascadh le beartas gníomhaíochta forbartha Chomhrac na Bochtaineachta; agus
- Cad iad na naisc atá ann idir bochtaineacht agus coimhlínt agus conas a théann siad i bhfeidhm ar a chéile.

Is éard a bhí na seisiúin oiliúna roinnte ná ceithre lá iomlán thar thréimhse ceithre seachtaine faoi thógáil síochána agus áthmhuintearais. Ba é an saineolaí idirnáisiúnta Brandon Hamber ón Afraic Theas a rinne an teagasc.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag féachaint ar bhealaí chun na ceachtanna foghlamtha sna Cláir Shíochána a shníomh isteach i mbeartas náisiúnta agus áitiúil. Leanadh ar aghaidh leis an 'gCleachtas go Beartas' le seimineáir roinnte agus cruinniú athbhreithnithe ráithe.

Tá Comhrac na Bochtaineachta trí ADM/CPA, ag cur i bhfeidhm Beart 3 de INTERREG IIIA Beart 3.1 lena

phríomhchomhpháirtí i dTuaisceart Éireann, Comhoibriú na hÉireann. Baineadh amach tiomantas iomlán €9.5m sa bhliain 2004, le maoiniú léithdháilte ar ghrúpaí pobail atá ag dul i ngleic le heisiamh sóisialta sa réigiún Oirir ar bhonn trasteorann.

Fuair roinnt tionscadal taighde maoiniú faoin gClár SÍOCHÁIN II agus thosaigh siad ag obair sa bhliain 2004, lena n-áirítear:

Rinneadh suirbhé cainníochta ar thuarimí sa bhreis ar 400 teaghlach Protastúnach ar fud na gcontaetha ar an teorann theas, chun eisiamh sóisialta na mionphobal Protastúnach a mheas agus chun féachaint ar agus dul i ngleic le saincheisteanna a thagann aníos sna pobail phrotastúnacha atá tar éis cur le hinfrastruchtúr lag pobail.

- **Oidhreacht na dTrioblóidí**
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste/
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Is staideár é seo a fhéachann ar na héifeachtaí atá ag taithí foréigineach ar an tsochaí agus ar shláinte shíceolaíoch na sochaí, bunaithe ar 3,000 agallamh le daoine aonair i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha ar an teorainn.

- **An Cúirtín Iathghlas: tionchar sóisialta Teorainn na hÉireann**
Forbairt agus Oiliúint Pobail Triskele

Tionscadal taighde gnímh a aithníonn tionchar sainiúil sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta na teorann ar

infrastruchtúr agus inmharthanacht pobal (idir pobail gheografacha agus na pobail bunaithe ar shaincheisteanna) i gcontaetha na teorann theas.

- **Ag Tógáil Síochána Trí Bheartas Tionscadail**
Mná ag Teagasc ar son na hAthchuma

San áireamh sa taighde tá iniúchadh ar rannpháirtíocht ban sa phobal, ar struchtúir na n-earnála deonacha agus poiblí agus anailís riachtanais ar earnáil pobail agus deonach na mban chun chur le forbairt cláir oiliúna faoi phríomhshruthú inscne do bhangníomhaigh.

- **Pleanáil do todhchaí**
Mionghrúpa Teorann Triskele
Community Training & Development

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an tionscadail: (i) réimsí eisiámh sóisialta agus infrastruchtúr lag pobal a aithint laistigh den phobal mionlach protastúnach, (ii) clár a chur le chéile chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, (iii) agus plean straitéiseach a ullmhú. (i) áiteanna ina bhfuil eisiámh sóisialta agus infrastruchtúr pobal lag laistigh den mhionphobal protastúnach; (ii) clár a chur le chéile chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo agus (iii) plean straitéisach a ullmhú.

Sa bhreis air sin sa bhliain 2004 rinne ADM/CPA dhá ollstaideár taighde a choimisiúnú; foilseofar na torthaí

uathu sin sa bhliain 2005. Is iad seo:

- **Ar fud na hÁite: daoine díláraithe chuig Contetha na Teorann Theas agus daoine díláraithe uathu**
Ralaheen Teo, Strategem, Expac

Tá ceithre phríomhshnáth sa taighde: (i) daonra díláraithe a aithint agus cur síos a dhéanamh ar; (ii) tionchair díláraithe ar dhaoine agus ar a dteaghlaigh atá díláraithe a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu (iii) chun na héifeachtaí ar an mbunphobal agus ar an bpobal nua a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu, agus (iv) chun sainriachtanais daoine díláraithe agus a dteaghlaigh a mheas.

- **Dea-Chleachtas i dTógáil Síochána Pobal Bunaithe**
Helen Maher and Yuvi Basanth

Díríonn an taighde seo ar rogha 21 tionscadal a léiríonn an raon cuimsitheach tionscadal maoinithe faoina gClár Síochána. Tá sé mar aidhm aige oidhreacht na coimhlinte a aithint agus deiseanna don tsíocháin a aithint i dtéarmaí na gcoinníollacha polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíochta.

Modhanna ceantair bhunaithe chun dul i ngleic le bochtaineacht

Seolfar staideár coimisiúnaithe ag Comhrac na Bochtaineachta agus curtha i gcrích ag an ESRI, faoi dháileadh spásúil na bochtaineachta agus na diúbairte sa bhliain 2005. Soláthraíonn an staideár eolas faoi

phleanáil agus faoi mheasúnú cláir atá ceantair bhunaithe chun dul i ngleic le bochtaineacht.

Uilechuimsitheacht Shóisialta agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP)

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ina gcuid iarrachtaí chun an bhéim athreisiú ar uilechuimsitheacht shóisialta sa Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) Tá uilechuimsitheacht shóisialta ar cheann de cheithre chuspóir an NDP Bhí obair á leanúint ar aghaidh chun tácsairí uilechuimsitheachta shóisialta a chur isteach sa dá Chlár Feidhmíochta Réigiúnach

Tar éis athbhreithnithe lárthéarma ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, a thug aird ar laigeachtaí i gcur i bhfeidhm Prionsabal Chothrománaigh (eisiámh sóisialta san áireamh), thug an CSF faoi athbhreithniú agus rinne sé moltaí maidir le hathruithe sna bealaí ina gcuirfear na prionsabail i bhfeidhm. D'aontaigh na Coistí Monatóireachta um Feidhmíocht Chláir ar na moltaí seo, a cheap na prionsabail chothrománacha is ábhartha (uasmhéid dhá cheann) le gach beart.

Iarradh ar Chomhrac na Bochtaineachta i gcomhar leis an Oifig Um Uilechuimsitheacht Shóisialta, athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach beart a roghnaíodh don phrionsabal Uilechuimsitheacht Shóisialta . Chiallaigh sé sin go raibh gá le casadh leis na ranna agus leis na

gníomhaireachtaí freagrach as na bearta ainmnithe, teacht ar réiteach faoi conas a bhféadfaí fócas uilechuimsitheacht shóisialta a neartú, agus moltaí a dhéanamh faoi athruithe a bhféadfaí a dhéanamh ar Obair Chláir chun na hathruithe sin a thabhairt san áireamh. D'éiligh sé sin go n-oibreodh Comhrac an Bochtaineachta leis an ranna agus leis na gníomhaireachtaí freagrach as bearta ainmnithe i bhForbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna, agus na Cláir Feidhmíochán um Infrastruchtúr Eacnamaíochta agus um Infrastruchtúr Sóisialta, don chéad uair.

Chuir an Roinn Airgeadais tríd an Oifig Uilechuimsitheacht Shóisialta €50,000 (€25,00 sna blianta 2004 agus 2005) ar fáil do Chomhrac na Bochtaineachta toisc gur aithin siad an méid oibre a bheadh i gceist. Chiallaigh an maoiniú seo go bhféadfadh Comhrac na Bochtaineachta a chonradh do thacaíocht theicniúil a shíneadh amach go bainisteoirí bearta agus treoir maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta san NDP a choimisiúnú.

Tugadh tuairiscí faoin dul chun cinn chuig Coistí Monatóireachta na gClár Feidhmíochta agus chuig an gCoiste Comhionannais Deise agus an Coiste um Chomhordú uilechuimsitheacht Shóisialta.

Scríobhadh litreacha chuig Coimisiúin na hEorpa maidir le huilechuimsitheacht shóisialta a neartú sa chéad bhabhta eile de Mhaoiniú Struchtúrtha an AE

CUSPÓIR 4

Oibreoidh An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta chun cumas na hearnála forbairt pobail a neartú maidir le dul i ngleic le bochtaineacht.

Ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt pobail dul i ngleic le bochtaineacht

Breathníonn Comhrac na Bochtaine ar an earnáil phobail agus dheonach mar earnáil straitéiseach chun dul i ngleic le bochtaineacht agus chun cumhacht a thabhairt do dhaoine agus do phobail a bhfuil tionchar ag bochtaineacht orthu. Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag déanamh teagmhála leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tosaíodh ar obair ar lámhleabhar faoi chur i bhfeidhm na bprionsabal sa Pháipéar Bán Ag Tabhairt Tacaíochta do Ghníomhaíocht Dheonach, i gcomhar leis an Roinn agus an Grúpa Forfheidhmiúcháin agus Comhairleach don Pháipéar Bán. Bhí Comhrac na Bochtaineachta páirteach sa Ghrúpa Comhairleach don Chlár um Thacaíocht d'Fhorbairt Pobail.

Sa bhliain 2004 thug Comhrac na Bochtaineachta tacaíocht ghinearálta agus comhairle don earnáil phobail.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag obair le Bainistíocht Forbairt Limistéir Teo agus le Comhairle i irth na bliana 2004 chun bunachar sonraí roinnte a fhorbairt, a shonraíonn na

foileacháin agus na hábhair acmhainne atá ar fáil go náisiúnta uathu sin don earnáil phobail agus dheonach.

D'oibrigh Comhrac na Bochtaineachta i gcomhpháirtíocht leis an Lónra Oiliúna agus Oideachais d'Obair Phobail (Tuaisceart Éireann) chun imscrúdú a dhéanamh ar an bpoiteintúil atá ann chun naisc uile Éireann a fhorbairt maidir le hoideachas agus le hoiliúint d'obair phobail atá dírithe ar fhrithbhochtaineachta. Tugadh an taighde chun chríche agus cuireadh é i láthair ag cuibhreann chun macnamh a dhéanamh ar conas is fearr an obair a chur chun cinn. Léiríodh suim shuntasach i bhforbairt bhreise na cainte faoi na saincheisteanna a tháinig aníos agus tá imeacht eile beartaithe.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag soláthar ábhar acmhainne chun freastal ar riachtanais ghrúpaí forbairt pobail agus ar riachtanais ghrúpaí frithbhochtaineachta. Tugadh chun críche agus foilsíodh ábhar oideachasúil dár teideal *Tionchar a Imirt ar Bheartas; Pacáiste Oiliúna*.

In 2004 rinneadh na teidil seo a leanas a choimisiúnú:

- Forbairt Pobail agus Sláinte;
- Pacáiste oideachasúil chun críche bochtaineacht a thuiscint;
- Eagrán nua den sheanteideal, *Scileanna Éascaíochta a Fhorbairt; Lámhleabhar d'Éascaitheoirí Grúpa* agus

- Foilseachán nua, *Éascaíocht le Grúpaí atá ag Maireachtáil le Bochtaineacht*.

Rinne Comhrac an Bochtaineachta tairiscint ar staideár taighde faoin ról atá ag forbairt pobail maidir le dul i ngleic le bochtaineacht. Níor dámhadh aon tairiscint agus cuirfear an obair seo ar aghaidh sa bhliain 2005.

Lean Comhrac na Bochtaineachta lena bhallaíocht ar roinnt coistí mar seo a leanas:

- Coiste Comhairleach Fondúireachtaí na hÉireann;
- Coiste Comhairleach Tionsnaimh Comhairle Náisiúnta na mBan EQUAL'Istigh ó na himill'
- Bord an Bhiuró Codhnaidhmthe Eorpaigh um Fhorbairt Sóisialta (CEBSD), Líonra AE a chothaíonn forbairt pobail.

Ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí frithbhochtaineachta chun dul i bhfeidhm ar bheartas

Ag eascairt as athdháileadh feidhmeanna idir ranna rialtais sa bhliain 2002, bogadh an fhreagracht iomlán don Scéim Deontas Ag Obair i gCoinne na Bochtaineachta agus an Clár Líonra Náisiúnta Frithbhochtaineachta ón Roinn Gnothaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chuig an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, ó 1 Eanáir 2004. Ó shin i leith tionóladh comhcrúinnithe dhá uair sa bhliain leis

na Líonraí Náisiúnta Frithbhochtaineachta. Sa bhliain 2004 tionóladh cruinnithe i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

Cleachtas go Beartas

Is éard atá i gceist le hobair cleachtas go beartais na rannpháirtíocht na ndaoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht a neartú i bhforbairt beartas frithbhochtaineachta agus in uilechuimsitheacht shóisialta. Bhí ceithre shnáth i gceist i gclár oibre na bliana 2004: Seimineáir bheartas agus bhochtaineachta; acmhainní chun dul i bhfeidhm ar bheartas; tacaíocht do líonrú beartais sa réigiún thoirthuaidh; agus tacaíocht airgeadais do thionscadail atá ag feidhmiú chun cur le rannpháirtíocht sa Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta.

Tionóladh dhá sheimineáir bhochtaineachta agus bheartas sa bhliain 2004, ceann ar

Bhochtaineacht Leanaí sa Tulach Mhór, agus ceann ar **Rochtain ar Sheirbhísí i gContaetha na Teorann** i Muineachán. Dearadh na seimineair chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus deonacha atá ag iarraidh dul i bhfeidhm ar bheartas frithbhochtaineachta go háitiúil agus go náisiúnta.

Sheol Comhrac na Bochtaineachta acmhainn oiliúna nua – *Pacáiste Oiliúna ag dul i bhFeidhm ar Bheartas* - a sholáthraíonn acaraí chun straitéisí

a phleanáil chun dul i bhfeidhm ar an bpróiseas déanta beartais. Tá an áis seo go príomha dóibh siúd atá ról um thógáil inniúlachta, oiliúna, nó forbairt beartais laistigh den earnáil phobail agus dheonach acu. Tionóladh trí sheimhineár i bPortlaoise, i mBaile Átha Cliatha agus i Muineachán chun úsáid an phacáiste i measc grúpaí pobail agus deonacha a chothú, ar na téamaí NAPS; Sláinte agus Tógáil na Síochána.

Ba í obair sa Réigiún Thoir-Theas a thacaigh le forbairt agus comhordú líonrú beartais réigiúnaigh do ghrúpaí sa réigiún. Eagraíodh dhá imeacht chun

chur leis an obair seo agus chun tacaíocht a thabhairt don obair. Plé cuibhreannach faoi neartú obair Cleachtas go beartas i Réigiún an Oirthir; agus seimineáir líonraithe “ ag dul i bhfeidhm ar athrú i gContaetha Teorann” do ghrúpaí frithbhochtaineachta atá ag obair sna contaetha teorann.

Chuir Comhrac na Bochtaineachta maoiniú agus tacaíocht forbartha ar fáil do deich dtionscadail chun daoine atá ag maireachtáil le bochtaineacht a shú isteach i bhforbairt nó forfheidhmiú NAPS.



CUSPÓIR 5

Molfaidh Comhrac an Bochtaineachta beartais nuálacha dírithe ar dháileadh ioncaim, acmhainní agus fostaíocht níos cothroime.

Athchóiriú Cánach agus Leasa Sóisialaigh

Tá sé ar cheann de bhunfheidhmeanna Comhrac an Bochtaineachta cur le agus dul i bhfeidhm ar bheartais agus ar bhearta a bhfuil éifeacht acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Chuige seo, déanann sé monatóireacht agus measann sé tionchar na gcóras cánach agus leasa shóisialaigh ó pheirspictíocht na bochtaineachta, agus más cuí, molann sé bearta athchóirithe nó bearta eile. Chun an obair seo a stiúradh, tugtar faoi staidéir thaighde nó staidéir anailíteacha.

Is príomhmheicníocht é an Buiséad maidir le hathdháileadh ioncaim náisiúnta. Déanann Comhrac na Bochtaineachta iarracht ar dhul i bhfeidhm ar threo agus ar chothromaíocht na dtosaíochtaí laistigh den Bhuiséad chun a chinntiú go n-oibríonn sé go héifeachtach chun críoch a chur le bochtaineacht agus chun uilechuimsitheacht shóisialta a chothú. Tá a aighneacht ar an mBuiséad agus a anailís Iar-Bhuiséad ar an dá ráiteas is tábhachtaí ar bheartas bochtaineachta a dhéanann Comhrac na Bochtaineachta i rith na bliana.

Tuairiscíonn an anailís iarbhuiséad ar éifeacht bhearta bhuiséid ar theaghlaigh.

Foilsíodh anailís ar Bhuiséad 2004 i bhforlónadh speisialta d'eagrán an Earraigh *Action on Poverty Today*.

Cuireadh aighneacht Chomhraic na Bochtaineachta ar Bhuiséad 2005 faoi bhráid an Aire agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus scaipeadh go forleathan é. Dhírigh an Aighneacht ar íocaíochtaí agus tacaíochtaí leasa shóisialaigh, tacaíocht ioncaim leanaí, teaghlaigh ar ioncam íseal atá ag obair agus oideachas luathóige agus cúram luathóige.

Úsáideann Comhrac na Bochtaineachta an múnla cánach/leas SWITCH i gcomhar leis an Institúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Samhaltáíonn sé éifeacht bearta cánacha agus leasa ar líon tí agus is acara tábhachtach é chun cabhrú le Comhrac na Bochtaineachta anailís a dhéanamh ar éifeachtaí bearta buiséid.

Tá méadú le blianta beaga anuas ar tharluithe bochtaineachta ina measc siúd a bhfuil fostaíocht acu. Tá Comhrac na Bochtaineachta ag tabhairt faoi staidéar cainníochta ar ioncam íseal lín tí atá ag obair chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeiniméan seo. Bhí an obair seo idir lámha in 2004.

Tá ról tábhachtach ag an gcóras cánach in athdháileadh acmhainní sa tsochaí. Rinne Comhrac na Bochtaineachta coimisiúin ar staidéar sa bhliain 2004 ar cháin indíreach agus an éifeacht atá aici ar athdháileadh. Foilseofar tuairisc ar an taighde sa bhliain 2005.

Ag Neartú Inniúlacht Eagraíochtúil

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh lena bheartas acmhainní eagraíochtúla a úsáid – acmhainní airgeadais, acmhainní daonna, acmhainní ábhar agus acmhainní teicneolaíochta – ar bhonn a thugann tacaíocht dá láimhseáil chun an dul chun cinn is mó a bhaint amach maidir le deireadh a chur le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta agus an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais a chliant.

Aithníonn Comhrac an Bochtaineachta luach na foirne, a saineolais agus a dtiomantas mar acmhainní riachtanacha chun a chuid oibre a dhéanamh. Déanann sé iarracht tacaíocht a thabhairt dá bhfoireann agus struchúir oibre a chruthú bunaithe ar oscailteacht, comhchomhairle agus comhpháirtíocht a cheadaíonn don fhoireann a scileanna a úsáid chun cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar leithdháileadh dhaoine, acmhainní agus ar an ngá leanúnach atá ann do chomhoibriú rannógach ar phríomh réimsí oibre mar chuid dá thiomantas oibriú chuig an gcaighdeán is airde éifeachtúlachta agus feidhmiúlachta. Ba é Comhrac na Bochtaineachta a chur tús leis an gcur chuige Foireann Tionscadail, trí Foireann Tionscadail Sláinte a bhunú chun an obair ar

bhochtaineacht agus sláinte a chur chun cinn.

Plean Straitéiseach

Tá príomhchuspóirí agus spriocanna Chomhrac an Bochtaineachta don tréimhse 2002 - 2004 sonraithe ina Plean Straitéiseach don tréimhse sin. Bhí siad seo ina mbunús do chlár oibre na bliana. Ag eascairt as aistriú an Chláir Lónra Frithbhochtainachta Náisiúnta agus an Scéim Deontas *Ag Obair i gcoinne na Bochtaineachta* chuig an Roinn Gnóthaí Pobal Tuaithe agus Gaeltachta ag deireadh 2003, leanadh ar aghaidh le riaradh cuid den obair seo in 2004.

Cuireadh athbhreithniú lárthéarmach ar an bPlean Straitéiseach 2002- 2004 i gcrích. Ba iad Eustace Patterson Teo., a bhí i bhfeighil na hoibre seo, agus thacaigh grúpa stiúrtha Boird/Foирne leis: críochnaíodh an obair san am céanna ar chuir an Bord agus an fhoireann tús le Plean Straitéiseach nua don bhliain 2005 - 2007.

Thacaigh Fochoiste Boird le forbairt agus críochnú Phlean Straitéiseach 2005 - 2007 a críochnaíodh faoi dheireadh na bliana 2004.

Obair Chomhpháirtíochta

Leanadh ar aghaidh i rith 2004 le Plean Gnímh um Nuachóiriú Chomhraic na Bochtaineachta faoi mar atá leagtha síos faoin gcomhaontú comhpháirtíochta náisiúnta Dul Chun Cinn a Choinneáil. Rinne an Coiste Comhpháirtíochta



Chomhraic na Bochtaineachta monatóireacht ar an dul chun cinn agus thug siad tuairisc chuig Ard-Rúnaí na Ranna Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh.

Tháinig an Coiste Chomhpháirtíochta le chéile ceithre huairé i rith na bliana 2004. Phléigh sé athbhreithniú ar bheartas earcaíochta agus roghnucháin, obair solúbtha agus tinreamh éagsúil, seirbhís custaiméara, agus cód iompair don Bhord agus don fhoireann. Chuir Stiúrthóir an Choiste an coiste ar an eolas faoi níthe a bhaineann le hathlonnú Chomhrac an Bochtaineachta faoi chlár dílárnaithe an Rialtais.

Plean Gníomhartha um Sheirbhísí Do Chustaiméirí

Déanann Comhrac an Bochtaineachta gach iarracht chun an Cleachtas is fearr a bhaint amach maidir lena nósanna imeachta riaracháin, feidhmíochta agus acmhainní daonna, chun an caighéan is

airde seirbhísí a chur ar fáil dá chliaint agus na tacaíochtaí oibre is fearr a chur ar fáil dá fhoireann.

Ag eascairt as comhchomhairliúchán tríd an bpróiseas comhpháirtíochta, tugadh an Plean Gníomhartha Um Sheirbhísí do Chustaiméirí chun dáta agus glacadh leis go foirmiúil tar éis seisiúin eolais foirne. Cuimsíonn an Plean dhá phrionsabal déag de sheirbhísí don chustaiméir ceadaithe ag an Rialtas don earnáil phoiblí.

Cuireadh tús le hobair ar Chairt Chustaiméara a chur le chéile do Chomhrac na Bochtaineachta ag deireadh na bliana 2004. Táthar ag súil go mbeidh an Chairt tugtha chun críche in 2005.

Bainistíocht Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2003 chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil do 2003 agus cuireadh faoi

bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh iad i Mí an Mheithimh. Rinne Oifig an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas iniúchadh ar na ráitis airgeadais níos déanaí.

Fad is a bhí monatóireacht agus athbhreithniú ar siúl, tugadh faoi athbhreithniú ar phríomhréimsí maoiniúcháin don bhliain dheireannach den Phlean Straitéiseach 2002 - 2004. Cuireadh meastacháin don chlár oibre don bhliain 2005 faoi bhráid na Ranna Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Coinníodh taifid airgeadais maidir le gach ball foirne agus maidir le comhchomhairleoirí i rith na bliana agus cuireadh taifid reactaíochta cánacha ar fáil mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha airgeadais agus fostaíochta.

San áireamh sna taifid airgeadais bhí gach idirbheart a rinneadh don chuid sin den Chlár Síochána II a bhfuil dliteanas ar Chomhrac na Bochtaineachta mar chuid den chomhaontú chomhbhainistíochta le ADM/CPA.

Chas an Coiste Inúchta le bainistíocht ADM/CPA i Mí Meán Fhómhair agus i Mí Dheireadh Fómhair mar chuid den mhonatóireacht a bhí ar siúil aige ar an obair sin.

Tionóladh seisiúin eolais don fhoireann faoi phinsin agus teidil.

Rialtacht

Baineadh amach agus cothaíodh caighdeáin arda comhlíonta maidir le taifid airgeadais agus nósanna imeachta chun chríche bailiú cánach, deimhniú réitigh cánach agus íocaíochtaí. Chomhlíon an próiseas tairisceana agus conartha na ceanglais reachtúla agus na hobligeáidí faoi na comhaontaithe comhpháirtíochta. Chinntigh Comhrac na Bochtaineachta go raibh na córais airgeadais agus na taifid de chuid ADM/CPA maidir le riaradh an Chláir Síochána II go hiomlán sléachtanach.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm forálacha an chóid Chleachtais um Rialtacht Chomhlachtaí Stáit.

D'aontaigh an Bord ar Chód Iompair Do Chomhaltáí agus Do Bhaill Foirne, faoi théarmaí an Achta Eiticí in Oifig Poiblí agus D'fhreastal baill an Choiste Iniúchta agus an Fhoireann Bhainistíochta ar cheardlann um Bhainistiú Riosca i Mí na Bealtaine.

Rinne PricewartehouseCoopers athbhreithniú sonraithe ar na taifid airgeadais inmhéanacha i Mí na Nollag.

Dílárú

Ag eascairt as an bhfógra i Mí na Nollag 2003 go ndílarófar Comhrac na Bochtaineachta go Muineachán, bhunaigh Comhrac na Bochtaineachta Fochoiste Boird chun impleachtaí an díláraithe a mheas. Tugadh faoi

mheasúnú, chomh maith le chomhchomhairle leis an bhfoireann, faoin tionchar a bheadh aige ar an eagraíocht agus ar an bhfoireann.

Beartas Acmhainní Daonna

I rith na bliana 2004, chuir an Stiúrthóir agus Baill an Fhochoiste Boird ar Dhílarú, an fhoireann ar an eolas ar chúpla ócáide faoi fhorbairtí maidir leis an togra Comhrac na

Bochtaineachta a athlonnú faoin gclár díláraithe fógraithe ag an Rialtas i Mí na Nollag 2003.

Lean cainteanna ar aghaidh i rith na bliana leis an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlach maidir le téarmaí agus coinníollacha a bheadh i bhfeidhm ar chonarthaí ar feadh tréimhse neamhchinnte a bhí á dtairiscint chuig baill foirne le buanphoist lárnach.



Forbairt agus Oiliúint

Faoi Phlean Forbartha agus Oiliúna Chomhrac na Bochtaineachta don fhoireann, chaith gach ball foirne 6 lá ar méan i mbun oiliúna sa bhliain 2004, cosúil leis an mbliain 2003. B'ionann an caiteachas iomlán ar oiliúint agus forbairt in 2004 agus 4% den phárolla. I measc na tionscnamh tras-rannóige a tugadh futhu bhí scileanna chun déileáil le daoine, tógáil foirne agus bainistiú tionscadail.

Obair Solúbtha agus Tinreamh

Ag eascairt as an athbhreithniú ar shocruithe solúbhtha oibre agus ar bheartas cothromaíochta saoil oibre go déanach sa bhliain 2003, aontaíodh ar scéim um roinnt oibre agus tinreamh luainithe tríd an gCoiste Comhpháirtíochta agus cuireadh i bhfeidhm é i Mí Iúil. Níos déanaí sa bhliain, rinne staideár coimisiúnaithe tuairisc ar chritéir um mheasúnú iarratais do thinreamh luainithe faoin scéim nua.

Cuireadh tús le scéim piolótach obair sa bhaile, le ball foirne amháin i rith na bliana agus athbhreithníodh é i Mí na Nollag.

Sláinte agus Sabháilteacht

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh lena obligáidí faoi reachtaíocht Shláinte agus Shabháilteacht a chomhlíonadh.

Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt

Rinneadh measúnú ar Phróiseas Forbartha agus Feidhmíocht Bhainistíochta Chomhrac na Bochtaineachta (PMD) go déanach in 2004. Cuireadh oiliúint ar fáil do roinnt ball foirne maidir le pleanáil feidhmíochta agus aiseolas. Ghlac an Bord agus an Roinn Airgeadais leis an bPlean Feidhmíochta don Stiúrthóir.

Earcaíocht

Rinneadh roinnt ceapachán sealadacha i rith na bliana. Ceapadh Fidelma Joyce chuig an bpost mar Cheannaire Faisnéise agus Oideachais Phoiblí (Obair Roinnte), Elaine Byrne mar Oifigeach Chomhcheangail Bheartais (páirt aimseartha) agus Siobhán Commins mar Riathóir Airgeadais.

Teicneolaíocht na Faisnéise (IT)

Cuireadh i bhfeidhm Plean Forfheidhmiúchán IT, bunaithe ar athbhreithniú ar riachtanais theicneolaíocht na faisnéise agus riachtanais inniúlachta; cuireadh i gcrích é in 2003. Suiteáladh freastalaí nua agus rinneadh uasghrádú ar chrua-earraí agus ar bhogearraí. Leanadh ar aghaidh le tabhairt chun dáta taifid agus nósanna imeachta um bhainistiú cartlainne. Leanadh ar aghaidh leis an bplean forfheidhmiúchán go 2005.

Lean Comhrac na Bochtaineachta ar aghaidh ag comhlíonadh ceanglas an Achta um Shaoráil Fáisneise agus

rinne sé athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus a chuid freagrachtaí maidir le cosaint faisnéise, Ullmhaíodh plean Ríomh-íocaíochtaí maidir le críoch a chur le híocaíochtaí le seic. Cuirfear an plean seo i bhfeidhm in 2005.

Bord Chomhrac na Bochtaineachta

Rinne an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh Callista Bennis agus Orlaigh Quinn (Oifig Um Uilechuimsitheacht Shóisialta) a cheapadh chuig Bord Chomhrac na Bochtaineachta in 2004.

Rinne an tAire Brian Duncan, Helen Johnston agus Seamus McAleavey a athcheapadh nuair a tháinig deireadh lena gcéad tréimhse ballraíochta.

Tháinig an Bord chomh maith leis an bhFoireann le chéile sa Mhuileann gCearr i Mí an Mheithimh mar chuid dá n-ullmhúchán ar Phlean Straitéiseach nua agus thionóil sé cruinniú i Mí Meán Fomhair i Muineachán ag oifigí ADM/CPA.

“Táimid anois ar cheann de na heacnamaíochtaí is forbartha san OECD agus ba cheart go bhfeicfear é seo sa chaighdeán maireachtála a chuirtear ar fáil do gach aon duine atá ag maireachtáil in Éirinn, agus ba cheart go n-aithneofar é ar chaighdeán na mbearta a úsáidimid chun dul i ngleic le saincheisteanna bochtaineachta.”



Aguisín 1

An Bord, na Fochoistí agus an Fhoireann

Aguisín 1

An Bord, na Fochoistí agus an Fhoireann

Tinreamh an Bhoird sa bhliain 2004

Bhí ocht gcrúinniú ag an mbord sa bhliain 2004. Ceapadh dhá bhall nua chuig an mBord i rith na bliana. Orlaigh Quinn in áit Marie O'Neill mar ionadaí na Ranna Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh; agus Callista Bennis. Bhí an téarma trí bliana comhlóna ag ceithre bhall i rith na bliana 2004 agus astu seo rinne an tAire Mary Coughlan T.D. athcheapadh ar thrí cinn acu.

Tá imlíne thíos ar fhochoistí éagsúla an Bhoird agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis.

Líon na gcrúinnthe a freastalaíodh orthu (an líon atá i dteideal a bheith i láthair idir luibíní)

	An Bord	Fochoistí
Brian Duncan, Chairperson	7 (8)	26 (31)
Brian Duncan, Cathaoirleach ¹	7 (8)	26 (31)
Pearse O'Hanrahan, Leas-Chathaoirleach	6 (8)	25 (42)
Callista Bennis ²	2 (3)	0 (0)
Maria Corrigan	5 (8)	0 (0)
Frank Curran	4 (8)	1 (1)
Bernard Feeney ³	0 (1)	0 (0)
Anthony Gavin	8 (8)	19 (19)
Maria Gorman	8 (8)	2 (4)
Helen Johnston ⁴	8 (8)	34 (42)
Tony Lane	8 (8)	16 (16)
Seamus McAleavey ⁵	4 (8)	0 (0)
Tony O'Callaghan	7 (8)	2 (4)
Joan O'Flynn	7 (8)	10 (12)
Marie O'Neill ⁶	3 (4)	6 (6)
Orlaigh Quinn ⁷	4 (4)	4 (6)
Alice Robertson	7 (8)	5 (6)
Margaret Sweeney	8 (8)	2 (4)
Olive Sweetman	6 (8)	2 (2)

1 Athcheaptha mar Chathaoirleach Márta 2004

2 Ceaptha Meitheamh 2004

3 Téarma curtha isteach Márta 2004

4 Athcheaptha Meitheamh 2004

5 Athcheaptha Meitheamh 2004

6 Ceaptha mar ionadaí Ranna i Mí an Mheithimh 2004

7 Ceaptha mar ionadaí Ranna i Mí an Mheithimh 2004

Taillí agus Costais

Tá taillí atá le híoc chuig Baill an Bhoird leagtha síos ag an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaglaigh agus faoi láthair íoctar €7,618.43 chuig an gCathaoirleach agus íoctar €5,078.95 chuig Baill aonair.

Íoctar costais de réir Rialúcháin na Státseirbhíse faoi Thaisteal agus Maireachtáil.

Fochoistí Boird agus Coistí Comhairleacha

Anuas ar fhreastal ar Chruinnithe Boird, bhí baill gníomhach freisin ar fhochoistí agus ar Choistí Comhairleacha. Bunaíodh dhá Fhochoiste Boird i rith na bliana. Bhí ionadaíocht ag an mBord mar seo a leanas:

FOCHOISTÍ BOIRD

Coiste Pearsanra agus Airgeadais

Brian Duncan (Cathaoirleach) Pearse O’Hanrahan, Helen Johnston, Joan O’Flynn, Anthony Gavin, Marie O’Neill*

Coiste Iniúchta

Pearse O’Hanrahan (Cathaoirleach) Maria Gorman, Anthony Gavin

Coiste um Dhílárú

Anthony Gavin (Cathaoirleach), Helen Johnston, Tony O’Callaghan, Pearse O’Hanrahan, Margaret Sweeney, Joan O’Flynn

Coiste Measúnaithe an Phlean Straitéisigh

Anthony Gavin (Cathaoirleach), Helen Johnston

2005-7 Coiste an Phlean Straitéisigh+

Tony Lane (Cathaoirleach), Helen Johnston, Alice Robertson

COISTÍ COMHAIRLEACHA

Coiste Comhairleach Líonra Foghlama Frithbhochtaineachta Rilatais Áitiúil

Pearse O’Hanrahan (Cathaoirleach), Helen Johnston, Alice Robertson, Maria Gorman, Marie O’Neill*

Coiste Comhairleach um Phobail Sláintiúla a Thógáil

Brian Duncan (Cathaoirleach), Seamus McAleavey, Frank Curran, Helen Johnston

* Tháinig deireadh lena téarma i rith na bliana
+ Coiste nua

Tionscnamh Taighde Bochtaineachta

Olive Sweetman

COISTÍ AN CHLÁIR SÍOCHÁNA

Ballraíocht an Choiste Chomhbhainistíochta

Brian Duncan	(Comhchathaoireach), Gníomhaireacht Comhrac na Bochtaineachta
Terry Larkin	(Comhchaithaoirleach), Bainistíocht Forbairt Limistéir
Helen Johnston	Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
Tony Crooks	Príomhfheidhmeannach, Bainistíocht Forbairt Limistéir
Pearse O'Hanrahan	Comhalta Boird, Comhrac an Bochtaineachta
Tony Lane	Comhalta Boird, Comhrac an Bochtaineachta
Liz Sullivan	Comhalta Foirne, Comhrac an Bochtaineachta
Jack Keyes	Bainisteoir Chontae an Chabháin
Adge King	Stiúrthóir Pobail agus Fiontraíocht, Muineachán
Breege Lenihan	Líonra Pobal Chontae Mhuineacháin
Michael McCauley	Údarás Teorann Lártíre agus Údarás Réigiúnach an Iarthair
Maire O'Leary	Comharchumann Oibríthe Pobal
Marita Ryan	Westbic, Gaillimh
Bob Wilson	Comhpháirtíocht Fostaíochta Dhún Dealgan

Ballraíocht an Choiste Chomhbhainistíochta

Brian Duncan	(Comhchathaoireach), Bord, na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta
Tony Crooks	(Comhchaithaoirleach), CEO Bainistíocht Forbairt Limistéir
Helen Johnston	Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
Pearse O'Hanrahan	Comhalta Boird, Comhrac an Bochtaineachta
Maire O'Leary	Ionadaí de chuid Bainistíocht Forbairt Limistéir
Bob Wilson	Ionadaí de chuid Bainistíocht Forbairt Limistéir
Tony Kennedy	Comhoibriú Éireann CEO
Bryan Johnston	Comhalta Boird, Comhoibriú Éireann
Avila Kilmurray	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann
Eamon Deane	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann

ADM/CPA Paineál Roghnúcháin Tosaíocht 1 agus 2 (mar atá 31 Nollag 2004)

Tony Crooks	Príomhfheidhmeannach, Bainistíocht Forbairt Limistéir (Cathaoirleach)
Liz Sullivan	Comhalta Foirne, Comhrac na Bochtaineachta

Larry Kelly	FAS, Sligeach
Adge King	Stiúrthóir Pobail agus Fiontraíocht, Muineachán
Paddy McGinn	Comhbhainisteoir ADM/CPA
Paddy Logue	Comhbhainisteoir ADM/CPA
Cigireacht Rúnaíochta	(Folamh) na Ranna Oideachais agus Eolaíochta

Ballraíocht an Choiste Chomhbhainistíochta (mar atá 31 Nollag 2004)

Helen Johnston	Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Boctaineachta
Paddy Logue	Comhbhainisteoir ADM/CPA
Paddy McGinn	Comhbhainisteoir ADM/CPA
Felicity McCartney	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI)
Chrissie Cahill	Fondúireacht Phobail do Thuaisceart Éireann (CFNI)
Tony Kennedy	Comhoibriú Éireann
Des Fegan	Comhoibriú Éireann
Irene Monahan	Institiúid Dhún Dealgan
Bob Wilson	Comhpháirtíocht Fostaíochta Dhún Dealgan
Christine Tiernan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

FOIREANN (mar atá Nollaig 2004)

Stiúthóir	Helen Johnston
-----------	----------------

Bainistíocht Eagraíochtúil agus Forbairt (OMD)

Seán Mistéil	Ceannaire Bhainistíocht Eagraíochtúil agus Forbairt
Eileen Scanlon ¹	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Maria O'Neill ¹	Bainisteoir Airgeadais
Ann Riordan ²	Oifigeach Feidhmiucháin
Cora Murray	Oifigeach Cléireachais
Teresa Ward	Oifigeach Cléireachais - Fáilteoir
Siobhán Commins ³	Riarthóir Airgeadais

Tionscadail

Liz Sullivan	Ceannaire na dTionscadal
Joan O'Flynn	Bainisteoir na gClár (Obair á roinnt)
Julie Smyth	Bainisteoir na gClár (Obair á roinnt)
Elaine Houlihan	Oifigeach Tionscadal
Barbara Walshe	Oifigeach Tionscadal
Folamh	Oifigeach Tionscadal
Ann Moore	Oifigeach Feidhmiucháin
Paula Fitzpatrick	Oifigeach Cléireachais
Janice Ransom ¹	Comhordaitheoir Thionscadal an AE (LASI – Céim 2) agus Tacaíocht Speisialtóra an AE (MSI Céim 2)

Taighde agus Beartas

Jim Walsh	Ceannaire Taighde agus Beartais
Jonathan Healy	Anailísí Taighde agus Beartais
Vanessa Coffey	Oifigeach Taighde
Caroline Corr	Oifigeach Taighde
Kevin O’Kelly	Comhordaitheoir Taighde an AE (LASI – Céim 2)
Izabela Litewska	Riarthóir Taighde an AE (MSI Céim 2)
Joanne Mulholland ⁴	Riarthóir

Eolas agus Oideachas Poiblí

Folamh	Ceannaire Eolais agus Oideachais Poiblí
Fidelma Joyce	Ceannaire Eolais agus Oideachas Poiblí ag feidhmiú (Leathaimseartha) Oifigeach Idirchaidrimh Beartais (Leathaimeartha)
Margaret O’Gorman	Oifigeach Cumarsáide
Jean Cassidy	Oifigeach Leabharlainne agus Eolais
Elaine Byrne	Oifigeach Idirchaidrimh Beartais ag feidhmiú (Leathaimeartha) Feidhmeannach Eolais agus Oideachais Poiblí (Leathaimseartha)
Patricia Farnan	Feidhmeannach Eolais agus Oideachais Poiblí (Leathaimseartha)
Valerie Byrne ²	Cúntóir Cumarsáide
Annamarie Wallace ²	Cúntóir Deontais

¹ Poist Pháirtaimseartha

² Poist obair á roinnt

³ Ag clúdach phost cléireachais nach bhfuil líonta

⁴ Ag clúdach neamhláithreachta breoiteachta fadtéarmach

Síocháin agus Athmhuintearas AE (Múineachán)

Paddy Logue	Comhbhainisteoir Chláir an AE
-------------	-------------------------------

LIOSTA FOIRNE ADM/CPA (mar atá 31 Bealtaine 2005)

Bainsiteoirí Cláir

Paddy Logue	(Comhchathaoireach), Gníomhaireacht Chomhrac na Bochtaineachta
Paddy McGinn	(Comhbhainisteoir), Bainistíocht Forbairt Limistéir Riarachán agus Airgeadas
Ailish Quinn	Bainisteoir Oifige
Áine Coffey	Fáilteoir/ Rúnaí

Anna Carragher	Oifigeach Cléireachais
Ursula Sheridan	Oifigeach Cléireachais (Oifig Dhún na nGall)
Christine Lehmann	Oifigeach Cléireachais - Bunachar sonraí /IT(pt)
Mary Kelly	Bainisteoir Airgeadais
Amanda Treanor	Comhardaitheoir Airgeadais
Diane Bell	Oifigeach Airgeadais - Roghnúchán
Margaret Flood	Oifigeach Airgeadais - Monatóireacht
Mandy Creighan	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Sínead Hegarty	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Celine Kelly	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Connor McCarron	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Mary Robinson	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Padraic Smyth	Oifigeach Cléireachais Airgeadais
Folamh	Oifigeach Cléireachais Airgeadais

Forbairt agus Taighde

Donald McDonald	Comhardaitheoir Forbartha – Tosaíocht 1/ Muineachán
Colette Nulty	Comhardaitheoir Forbartha – Tosaíocht 5/ Cabhán
Paul Skinnader	Comhardaitheoir Forbartha – Tosaíocht 2/ Dún na nGall
Bernard Bolger	Oifigeach Forbartha - Lú
Liam McKeever	Oifigeach Forbartha - Sligeach
Donnacha McSorley	Oifigeach Forbartha - Liatroim
Pauline Perry	Oifigeach Forbartha - Trasteorann
Anne Molloy	Oifigeach Forbartha –Inis Eoghain
Ruth Taillon	Comhardaitheoir Taighde
Patrice Crawley	Cúntóir Taighde

Aoisliúntas

Faoi alt 14 d’Acht um Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta 1986, tá Scéim Pinsin Neamhchionmhair agus Scéim Rannaíocúil Céilí agus Linbh ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialta Pobail agus Teaghlaigh d’fhoireann na Gníomhaireachta. I gcás ball foirne fostaithe ar bhonn iasachta ó eagraíochtaí eile, coinneoidh sé nó sí a bhallraíocht nó a ballraíocht i scéimeanna pinsean na heagraíochtaí sin.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Leanann Comhrac na Bochtaineachta agus an Oifig um Shíocháin agus Athmhuintearas ADM/CPA ar aghaidh ag cur i bhfeidhm bearta cuí chun sláinte agus sabháilteacht gach fostaí agus gach cuairteoir laistigh dá n-oifigí a chosaint.

“Ach, cé go raibh an leibhéal ioncaim agus caighdeáin mhaireachtála ag ardú, ní raibh sé de chumas ag roinnt daoine an leas céanna a bhaint as agus dá bhrí sin titeann siad faoin bhun an chaighdeáin mhaireachtála shásúil a bheadh móramh na ndaoine ag súil leis sa tsochaí inniu.”

Aguisín 2

Tionscadail arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta



Aguisín 2

Tionscadail arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta

TIONSCNAIMH FRITHBHOCHTAINÉACHTA SA RIALTAS ÁITIÚIL

Ionad Acmhainne Cheantair Loughboy, Cill Chainnigh	€5,000.00
Comhar Chumann Chonamara Thiar teo (Co-op) Teo	€5,000.00
Grúpa Iarrthóirí Tearmainn	€5,000.00
Plean Gnímh Domhanda, Baile Muna	€5,000.00
Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí	€5,000.00
Tionscadal Gnímh Phobail Phort Laoise	€5,000.00

Maoiniú um Phobail Sláintiúla a Thógáil

Blue Drum Arts Gníomhaireacht Tacacíochotha Speisialtórachta	€15,000.00
COPE	€5,802.00
CDP na Coirre Dhuibhe	€15,000.00
Grúpa Tacacíochotha do Theifigh na Gaillimhe	€15,000.00
Pavee Point (Líonra Sláinte)	€15,000.00
Cumann na mBodhar Éireann	€15,000.00
Ionad na mBan Leitir Cheannain	€7,100.00
Ionad Acmhainne Leifir/Cluain Lao*	€15,000.00
Ionad Éalaíon Phobail an Ghoirt Álainn	€11,000.00
Merchants Quay Ireland	€14,938.00
MFG Comhair Dhuibhne*	€15,000.00
Tasc Fórsa Drúgaí Lárthuaidh na Cathrach	€6,500.00
Ionad an Luchta Siúil Pavee Point	€15,000.00
Scitsifréine Éireann	€15,000.00
Gníomh Idirchultútha Tamhlachta*	€15,000.00
Guth na Seanóirí	€6,400.00
Chomhpháirtíocht Uíbh Fhailí Thiar	€15,000.00
Mná Amuigh agus Timpeall na hÁite	€8,160.00

*Arna haoiniú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí

Clár Cleachtais go Beartas

Comhaontas Cearta Leanaí	€15,000.00
Comharchumann Oibrithe Pobail	€11,000.00
Ardán Pobail Chill Mhantáin	€14,300.00
Pavee Point	€12,000.00
Tionscadal an Luchta Siúil Dhún na nGall	€10,950.00
Cairde	€12,000.00
ATD Ceathrú Domhan	€10,000.00
Comhairle Inimirce na hÉireann	€15,000.00
Líonra Malartáin anTuismitheora Aonair	€17,516.00
Ionad Cearta Imircigh	€12,000.00

Maoiniú um Fheasacht Phoiblí do Lá NA um Chríoch a chur le Bochtaineacht

Líonra Frithbhochtaineachta Éireann (EPAN)	€3,500.00
Ardán Pobail (á riaradh ag Ceardcumann na nOibrithe Pobail)	€3,700.00
Comhaontas Cearta Leanaí	€1,000.00
Comhpháirtíocht Uinseannach do Cheartas Sóisialta	€5,000.00

Maoiniú Ilghnéitheach

Comhpháirtíocht Lárchathair Átha Cliath	€5,000.00
Institiúid Sláinte Phoiblí (ar son Grúpa Oibre NAPS)	€36,000.00
The Graduate: Ireland's Essential Student Guide	€3,000.00
Dámhachtain na Nuálaithe Sóisialta	€3,000.00
Ionad Dlí an Taoibh Thuaidh	€5,000.00
Crosscare	€4,000.00

TACAÍOCHT DO THAIGHDE TRÍÚ LEIBHÉIL FAOI BHOCHTAINÉACHT AGUS BEARTAS

Dámhachtainí Taighde Acadúla(íochta sa bhliain 2004)

Dháfa in 2004

An tIonad Léinn um Staidéir Chomhoibritheach, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	€8,080.00
An Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:	€24,000.00
Ionad Taighde na Leanaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	€24,000.00
An Roinn Polaitíochta agus Riaracháin Poiblí, Ollscoil Luimíng	€20,598.00

Dháfa in 2003

An tIonad Léinn um Staidéir Uirbeacha agus Réigiúnacha,
An Roinn Tíreolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath €30,000.00

Dháfa in 2002

An Roinn Soceolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath €5,900.00
An tIonad Léinn um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh €1,476.00

Cuallacht PhD (íochta in 2004)

Dháfa in 2004

Éabhlóid Rialtacht Áitiúil agus Comhpháirtíocht Shóisialta – €13,000.00
Ag cur le huilechuimsitheacht shóisialta? + € 3,117.00
Chris McInerney, An Roinn Polaíochta agus Riarachán Poiblí, fees
Ollscoil Luimíng

Dháfa in 2003

Ag dul i nGleic le Dífhostaíocht agus Imeallú na n-Óg: € 13,000.00
Conas a théann Taithí Oibre sa Dara Leibhéal i bhfeidhm + €4,592.57
ar Idirbhearta na n-Óg i nGné Chomparáideach? fees + maintenance
Delma Byrne, Ionad Léinn um Oideachas agus Sochaí,
Ollscoil Dhún Éideann.

Dháfa in 2002

Tomhas Leordhóthanachta – Staidéar ar Eacnamaíocht Pholaitiúil €13,000.00
Leordhóthanacht Leasa Sóisialaigh in Éirinn + € 3,289.00
Mary Murphy, Scoil Chumarsáide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath fees

Dháfa in 2001

Anailís Shoceolaíochta ar Phróiseas Fáiltithe, € 13,000.00
Athlonnaithe agus Comhtháite na dTéifeach agus na n-larrthóirí
Tearmainn in Éirinn
Niamh Humphries, An Roinn Soceolaíochta, Ollscoil an hÉireann,
Baile Átha Cliath



Aguisín 3

Clár Tacaíochta Speisialta an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas: Deontais Dháfa sa bhliain 2004

Aguisín 3

Clár Tacaíochta Speisialta an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas: Deontais Dháfa sa bhliain 2004

Tá Comhrac na Bochtaineachta agus Bainistíocht Forbairt Limistéir (ADM) Teo.freagrach as 12 bearta faoin gClár AE Síocháin II.

Sa bhliain 2004 íocadh na deontais seo leanas faoi Bheart 1.5 Gníomhartha Dearfacha do Mhná, Beart 2.1 Athmhuintearas do Shíocháin Inbhuanaithe; Beart 2.4c Bealaí i dTreo na hUilchuisitheachta, Chomhtháthú agus Athmhuintearais na n-Íobartach; Bearta 2.6 Ag Cothú Saorántachta Ghníomhaigh; Beart 2.7 Ag forbairt Infrastuchtúr pobail lag; Beart 5.3 Ag Forbairt Tuiscint agus Athmhuintearas Trasteorainn

Chun teacht ar shonraí tionscadal faoi bhearta eile, féach ar Thuarascáil Bhliantúil ADM agus Tuarascáil Bhliantúil ADM/CPA.

Beart 1.5 – Gníomhartha Dearfacha do Mhná

Cumann Oideachasúil na nOibrithe	€288,027.21
Ionad na mBan, Liatroim Theas	€27,589.98
FAS	€130,677.19
Ionad na mBan Leitir Cheannain	€135,215.45
Cuideachta Comhpháirtíochta Leader, Sligeach	€80,342.44
Bord Fiontair Chontae Lú	€110,582.48
Bord Fiontair Chontae Dhún na nGall	€66,712.39
